Aontas Domhanda na Margaí Mórdhíola

Rannóg Réigiúnach na hEorpa

TREOIR COMHPHOBAIL AR DHEA-CHLEACHTAIS SLÁINTEACHAIS ATÁ SONRACH LE BAINÍSTÍOCHT MARGAÍ MÓRDHÍOLA

san Aontas Eorpach



WUWM

www.wuwm.org

Dréacht Athbhreithnaithe

Samhain 2009

Faoi Chathaoirleacht Marc Spielrein, Uachtarán Ard-Stiúrthóir Mhargadh Mórdhíola Phárais-Rungis, bunaíodh Foireann Oibre um Threoir ar Dhea-Chleachtas (GPG) de chuid baill WUWM chun an Treoir seo a dhréachtú. Is iad na húdair:

- An tUas. Rolf Brauer, Margadh Bheirlín, An Ghearmáin (go dtí Meitheamh 2005)
- An tUas. Michel Escoffier, French Federation of Wholesale Markets (FFMIN), An Fhrainc
- An tUas. Andreas Foidl, Margadh Bheirlín, An Ghearmáin (ó Mheitheamh 2005)
- An tUas. Michel Ganneau, Margadh Párais-Rungis, An Fhrainc
- An tUas. Wolf Rohde, Margadh Hamburg, An Ghearmáin
- An tUas. Graham Wallace, Margaí Ghlaschú, Albain, RA
- An tUas. Matthias Wegner, Margadh Hamburg, An Ghearmáin

WUWM
World Union of Wholesale Markets
Promoting wholesale and retail markets world-wide

© 2003 – 2009 WUWM

WUWM
World Union of Wholesale Markets
Promoting wholesale and retail markets world-wide

Arna Fhoilsiú ag Aontas Domhanda na Margaí Mórdhíola (WUMU)

IOC, Molenstraat 15
2513 BH, An Háig
An Ísiltír

Teil: +31 70 361 1728
Facs: +31 70 360 6908
R-phost: info@wuwm.org
URL: www.wuwm.org

REAMHRÁ

Cumann neamhbhrabúsach is ea Aonad Domhanda na Margaí Mórdhíola (WUMU) a bhfuil ballraíocht idirnáisiúnta forleathan aige atá gníomhach i ngach réimse agus gníomhaíocht a bhaineann le cur chun cinn, forbairt agus malairt idirnáisiúnta saineolais agus faisnéise faoi mhargaí bia mórdhíola. Tá 200 ball ann i WUMU i 45 tír ar fud an domhain faoi láthair.

Agus 110 ball margaí mórdhíola aige as 21 tír an AE, tá ról ceannasach in Aonad Domhanda na Margaí Mórdhíola ag Rannóg Réigiúnach Eorpach de chuid WUWM. Tá breis agus 1,000,000 fostaí buan ag na margaí mórdhíola Eorpacha seo a oibríonn ar na comhláithreáin agus tá láimhdeachas thart ar 42 billiún € acu in aghaidh na bliana.

Is ionann 26 milliún tonna gach bliain agus méid foriomlán na dtáirgí a chuirtear ar an margadh, atá thart ar 40% den soláthar torthaí agus glasraí san Eoraip (24 milliún tonna gach bliain), 10% den soláthar iasc agus táirgí éisc san Eoraip (1 milliún tonna gach bliain), agus 2% den soláthar feolta agus táirgí feolta san Eoraip (1 milliún tonna gach bliain).

I gcomhréim le hullmhúchán na ndlíthe faoi bhia nua de chuid an AE ar a dtugtar “beart sláinteachais” shocraigh WUWM sa bhliain 2001 Treoirleabhar Dea-Chleachtais a dhéanamh (GPG) a bhaineann le hoibríocht agus bainistíocht margaí mórdhíola laistigh den Chomhphobal Eorpach.

D’fhaomh ballraíocht i Rannóg Réigiúnach an AE an chéad leagan den treoirleabhar sin go hoifigiúil le linn 25ú Comhdháil WUMU in Baltimore, SAM (Meán Fómhair 2005).

Ón am sin amach agus tar éis nuashonrú a dhéanamh air:

1. Is é an leagan Béarla den Treoir seo an t-aon doiciméad oifigiúil amháin a cheadaíonn WUMU dá chuid ball a úsáid.
2. Ní mór aon leagan teangach eile a chomhlánú ina iomláine leis an leagan Béarla.
3. Gach leagan ar ar rinneadh aistriúchán, mionathrú nó leasú ar dhóigh ar bith, ní mór iad a sheoladh chuig WUMU lena ndeimhniú agus lena rialú.

Aon athrú faofa atá le tabhairt isteach i leagan Béarla den Treoir Chomhphobail, ní mór iad a aistriú agus a chur isteach sna leaganacha teangacha eile.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi WUWM nó faoin Treoir seo, téigh i dteagmháil, le do thoil, le Maria Cavit, Ard-Rúnaí WUWM trí na sonraí teagmhála ar bharr an leathanaigh seo.

An Treoir Chomhphobail ar Dhea-Chleachtais Sláinteachais atá Sonrach le Bainistíocht Margaí Mórdhíola san Aontas Eorpach

Clár Ábhar

REAMHRÁ 1

I. INTREOIR 4

II. CUSPÓIRÍ AN TREOIRLEABHAIR 6

III. RAON FEIDHME 7

IV. SAINAITHINT FREAGRACHTAÍ SONRACHA AR BHAINISTÍOCHT MARGAÍ MÓRDHÍOLA 9

TAIRISCINT ÁITRIBH 10
COTHABHÁIL AN ÁITRIBH 11
FREAGRACHT AS TREALAMH 12
RIALÚ TEASA 13
GLANADH AGUS DÍGHALRÚ 14
AERÁIL 16
SOILSIÚ 17
SEIRBHÍSÍ AGUS FREAGRACHTAÍ 18
SLÁINTEACHAS PEARSANTA 19
DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA 20
SRIANADH LOTNAIDÍ 21
OILIÚINT PHEARSANTA 22

V. MIONTREOIR AR DHEA-CHLEACHTAIS SLÁINTEACHAIS 23

CAIBIDIL I: CEANGLAIS GHINEARÁLTA AR ÁITREABH BIA LENA N-ÁIRÍTEAR ACHAIR AGUS LÁITHREÁIN LASMUIGH 24
CAIBIDIL II: CEANGLAIS SHONRAITHE I SEOMRAÍ INA MBÍONN BIA Á ULLMHÚ, Á CHÓIREÁIL NÓ Á PHRÓISEÁIL (seachas achair phroinnte agus na háitreabh siúd arna shonrú i gCaibidil III) 34
CAIBIDIL V: CEANGLAIS MAIDIR LE TREALAMH 42
CAIBIDIL VI: DRAMHBHIANNA 44
CAIBIDIL VII: SOLÁTHAR UISCE 47
CAIBIDIL VIII: SLÁINTEACHAS PEARSANTA 50
CAIBIDIL XII: OILIÚINT 52

VI. NÓSANNA IMEACHTA AGPRC-BHUNAITHE 54

AGUISÍN A **65**
AGUISÍN B.1 ..... **67**
AGUISÍN B.2 ..... **68**
AGUISÍN B.3 ..... **69**
GLUAIS **71**

An Treoir Chomhphobail ar Dhea-Chleachtais Sláinteachais atá Sonrach le Bainistíocht Margaí Mórdhíola san Aontas Eorpach

I. INTREOIR

Seasann sainmhíniú ar mhargadh mórdhíola in Iarscríbhinn de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 faoi 8 "Other definitions" (Sainmhínithe eile), in éineacht le sainmhíniú ar "products of animal origin" (tháirgí ainmhithe).

***"'Wholesale market'** means a food business that includes several separate units which share common installations and sections where foodstuffs are sold to food business operators." (Ciallaíonn "**Margadh Mórdhíola**" gnóthas bia a chuimsíonn cúpla aonad a chomhroinneann comhshuiteálacha agus comháiteanna a bhfuil earraí bia ar díol iontu d'oibreoirí sa ghnó bia.)*

Tugtar sainmhíniú ar an téarma "food business" (gnó bia) i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ag leagan síos na bprionsabal ginearálta agus ceanglais an dlí faoi bhia (alt 3 "other definitions" (sainmhínithe eile))*:*

***"'food business'** means any undertaking, **whether for profit or not** and **whether public or private**, carrying out any of the activities related to any stage of production, processing and distribution of food." (Ciallaíonn **Gnó bia** aon ghnóthas, **cíbe acu le haghaidh brabúis nó gan brabús** nó **poiblí nó príobháideach**, a dhéanann aon ghníomhaíocht a bhaineann le haon chéim i dtáirgeadh, próiseáil nó dáileadh bia."*

Tá an treoirleabhar seo **dírithe go sonrach ar chuideachtaí a dhéanann bainistíocht ar mhargaí mórdhíola**, na margaí siúd atá bunaithe chun trádáil in earraí bia a eagrú agus a éascú. Is féidir gurb é an Stát nó an Rialtas áitiúil é féin an bhainistíocht, nó cuideachta phoiblí nó phríobháideach a ghlacann a cuid cumhachta ón Stát nó Rialtas áitiúil.

Tá dhá chineál gnóthais bhia ann sna margaí mórdhíola seo:

- **Bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola** is gnó bia é seo a bhfuil an riachtanas ar leith aige gníomhaíocht ghinearálta gach gnóthais bhia atá lonnaithe sa mhargadh mórdhíola a eagrú gan cur isteach ina ngnó féin. **Cé gur gnó bia é, ní dhíolann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola earraí.**
- **Tá na gnóthais bhia ar leithligh freagrach as a gcuid táirgí bia féin** agus, go háirithe, freagrach as ceanglais maidir le dlí faoi bhia a chomhlíonadh do na táirgí sin. Déanann na gnóthais bhia trádáil le miondíoltóirí don chuid is mó, ach i roinnt margaí mórdhíola féadann daoine aonair ceadú ceannaithe a fháil faoi choinníollacha áirithe idir ó thrádálaí mórdhíola a bhfuil gníomhaíocht mhiondíola acu nó ó mhiondíoltóirí atá bunaithe ar an margadh mórdhíola..

Is mar seo a leanas freagracht as eagrú spáis laistigh de mhargadh mórdhíola:

- **Achair phoiblí** – arna bhainistiú ag bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola i.e. hallaí agus áiteanna díolacháin, leithris phoiblí. De ghnáth tógann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola na hachair sin agus tá siad oscailte do thrádálaithe. Baineann an treoir seo ar dhea-chleachtas leis na hachair siúd atá faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola;

- **Achair phríobháideacha –** arna bhainistiú ag gnóthais bhia **aonair**. Nuair a bhíonn na hachair sin á dtógáil nó á soláthar ag bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola, ba cheart don tógáil ceanglais maidir le dlí faoi bhia a chomhlíonadh. Ach tá freagracht ar aonad an ghnóthais bhia, áfach, as an achar atá sainithe dó.

Ba cheart, in aon chás, gan aon achar a fhágáil gan freagracht ar dhuine sainithe aisti.

Is mar seo a leanas príomhfhreagrachtaí bhainistíocht margaí mórdhíola:

- Áitreabh oiriúnach a ligean ar cíos do ghnóthais bia a ligfidh dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh in áit atá faoina bhfreagracht féin de réir ceanglais ar dhlí bia;
- Bainistíocht a dhéanamh ar gach áit phoiblí mar: áiteanna taispeána agus díolacháin, áiseanna stórais phoiblí (i.e. gach gníomhaíocht a bhainistiú a bhaineann le glanadh, díghalrú, cothabháil, fuarú, srl);
- Roinnt nó cuid de na háiseanna agus seirbhísí do ghnóthais bia a chur ar fáil nó a eagrú nó an bheirt acu araon (m.sh. uisce, gás, teas, fuarú, cuisniú, aeráil, leictreachas, srl);
- Camras agus srianadh truaillithe a chur ar fáil nó a eagrú nó an bheirt acu araon;
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht dramhaíola an mhargaidh, srianadh lotnaidí srl, ag cur gnéithe timpeallachta agus eacnamaíochta san áireamh.
- Foirgnimh do ghnóthais bia a dhearadh agus a chur ar fáil lena n-oibriú faoina rialú díreach féin, de réir riachtanais dlíthe faoi bhia.
- Cúrsaíocht tráchta a eagrú agus a bhainistiú laistigh den láithreán.

De bhrí nach ionann na dlíthe a rialaíonn bainistíocht margaí mórdhíola idir tíortha an AE, ní féidir liosta iomlán na bhfreagrachtaí a sholáthar. Ach is ionann an t-idirdhealú atá déanta idir achair phoiblí agus phríobháideacha i ngach aonán.

Níl an fhreagracht dhíreach ar bhainistíocht margaí mórdhíola as cinntiú go gcomhlíontar ceanglais dhlí faoi bhia ACH AMHÁIN in achair faoina rialú. NÍL an fhreagracht uirthi as gníomhaíochtaí laistigh d'áitreabh na ngnóthas bia aonair.

Ag an am céanna, tá an ceart ag bainistíocht margaí mórdhíola cur in iúl don údarás náisiúnta inniúil iomchuí atá freagrach as forfheidhmiú Rialachán ionas go ndéanfar gníomhaíocht feabhais i gcás gnóthais a sháraíonn rialacháin sláinteachais laistigh den áitreabh soláthraithe ag bainistíocht an mhargaidh mórdhíola.

II. Cuspóirí an Treoirleabhair

Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur gnó bia is ea bainistíocht margaí mórdhíola atá uirthi gach Rialachán CE a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le sláinteachas earraí bia. Is é is aidhm atá leis an Treoir seo comhairle a thabhairt do bhainistíocht margaí mórdhíola ar an ábhar sin, go háirithe nuair a dhíoltar earraí bia ainmhithe ar an láithreán.

Maidir leis na táirgí ainmhithe seo agus mar a chuirtear síos in alt 6 Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do shláinteachas earraí bia, ní mór bainistíocht margaí a fhaomhadh agus a chlárú nuair a dhíoltar na táirgí siúd ar an láithreán. Is éigeantach an ceangal sin agus tá sé réamhriachtanach d'fhaomhadh agus clárú na ngnóthas bia eile a chomhroinneann comhshuiteálacha agus comhchodanna.

De bhrí nach ndíolann bainistíocht margaí mórdhíola earraí bia ach go bhfuil sí freagrach as suiteálacha agus achair atá coiteann le gnóthais bhia a dhíolann earraí bia, tá an treoirleabhar seo forbartha do bhainistíocht margaí mórdhíola go sonrach, a bhfuil riachtanais ar leith acu nuair a dhíoltar bia ainmhithe ar an margadh mórdhíola.

Níl sé beartaithe go gcuirfidh an treoirleabhar seo isteach ar na Treoirleabhair Dhea-Chleachtais Sláinteachais éagsúla atá ann cheana, nó iad siúd ar féidir le hearnálacha gnó bia nó daoine gairmiúla a oibríonn sna margaí mórdhíola a fhorbairt sa todhchaí. Ní thugann sé aghaidh ar oibríochtaí réamhtheachtacha ach oiread, mar tháirgeadh agus iompair, nó oibríochtaí miondíola.

Tá sé forbartha mar Threoir Chomhphobail, a bhfuil a stádas sainithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 (Alt 9).

Tá an doiciméad dírithe ar chuideachtaí poiblí agus/nó príobháideacha atá freagrach as bainistíocht margaí mórdhíola san Aontas Eorpach, agus cuspóir ginearálta aice treoir a thabhairt ar shábháilteacht agus sláinteachas bhia agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta AGPRC bunaithe (Anailís Ghuaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla), ach amháin de réir mar a bhaineann siad leo.

Ceapann ionadaithe Rannóg Réigiúnach Eorpach de chuid Aonad Domhanda na Margaí Mórdhíola (WUWM), agus i gcomhairle le hionadaithe leaspháirtithe eile mar údaráis inniúla agus comhlachtaí ábhartha agus cónaidhmeanna i dtíortha difriúla an AE. Cuireann sé an Cód Cleachtais Idirnáisiúnta, Prionsabail Ghinearálta Sláinteachais Bhia, an Codex Alimentarius agus treoracha eile atá ann san áireamh.

Rinneadh an Treoir seo a fhorbairt de réir na Rialachán mar seo a leanas:

- Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos prionsabal ginearálta agus cheanglais an dlí faoi bhia, a bhunaíonn An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, agus ag leagan síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí um shábháilteacht bhia;
- Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia agus go háirithe ailt 9 “Treoirleabhair Phobail” agus 6 “Rialacháin oifigiúla, clárú agus faomhadh”;
- Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do shláinteachas earraí bia agus go háirithe alt 4 “Clárú agus faomhadh tionscnaimh”;

- Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha d'eagrú rialúchán oifigeach ar tháirgí ainmhithe atá le hithe ag daoine agus go háirithe alt 3 "Faomhadh an tionscnaimh";

- Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 ag leagan síos rialacha sláinte maidir le fotháirgí ainmhithe nach bhfuil le hithe ag daoine.

Nóta:

Cé go bhfuil tagairt déanta ar cheant iasc i Rialachán (CE) 853/2004 (Iarscríbhinn III, alt VIII, Caibidil II, pointe 2) in éineacht le margaí mórdhíola, ní chlúdaíonn an Treoirleabhar Pobail ar Dhea-Chleachtas Sláinteachais seo an cineál gníomhaíochta seo atá difriúil dóibh siúd a tharlaíonn i margadh mórdhíola.

III. Raon Feidhme

Is í an ghníomhaíocht ar a bhfuil an Treoirleabhar seo dírithe ná eagrú na hearnála mórdhíola atá bainte le hearraí bia laistigh den Aontas Eorpach. Mar atá ráite cheana, ní dhéanann bainistíocht margaí mórdhíola margaíocht earraí bia í féin. Tá uirthi saorthrádáil a éascú idir soláthraithe (táirgeoirí, mórdhíoltóirí, idirghabhálaithe éagsúla) agus ceannaitheoirí (miondíoltóirí, lónadóireacht, tráchtála nó comhchoiteann).

Baineann an Treoirleabhar seo i gcás margaí mórdhíola a ligeann daoine aonair ceannach ar an áitreabh, idir ó mórdhíoltóirí a bhfuil gníomhaíocht mhiondíola acu nó ó mhiondíoltóirí atá ag an margadh. Tá ar na daoine aonair seo teacht leis na rialacha difriúla a bhaineann le ceannaitheoirí gairmiúla, de réir mar a bhfuil cur síos déanta sa treoir, go háirithe maidir le hearraí bia ainmhithe (i.e. éadaí agus hataí cosanta.)

Agus iad ina soláthraithe seirbhíse, is mór an difear idir freagrachtaí de chuid bainistíocht margaí mórdhíola maidir le sláinteachas agus cáilíocht táirgí, agus iad siúd de chuid gnóthais bhia a bhfuil baint dhíreach acu le hearraí bia, cé go bhfuil ceangal intreach ann. Ag an am céanna, is féidir go mbeidh na cineálacha céanna guaiseacha acu.

Iarrann an Treoirleabhar Pobail seo aghaidh a thabhairt ar phointí inar féidir freagrachtaí atá ar bhainistíocht margaí mórdhíola a shainaithint, agus na réimsí freagrachtaí siúd ar féidir comhroinnt idir na gnóthais bhia neamhspleácha agus bainistíocht an mhargaidh.

Ní thugann sé aghaidh ar ghnó na n-oibreoirí neamhspleácha é féin, a ba cheart dóibh féachaint ar threoracha a bhaineann go sonrach leis, a bhíonn á bhforbairt de réir cineál an táirge (i.e. treoracha ar mhargaíocht torthaí agus glasraí, treoracha ar phróiseáil feola, srl.).

Is féidir margaí mórdhíola a bheith speisialaithe i gcineál amháin earraí bia (m.sh. torthaí agus glasraí, feoil, iasc agus táirgí éisc) nó, ina mhalairt, féadann siad raon leathan earraí bia meascán.

Léirítear sa tábla a leanas leibhéal an riosca sláintíochta do gach cineál earraí bia agus réim na freagrachta ar thaobh bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola chomh maith le gnóthais bhia eile.

Táirge	Staid	Leibhéal riosca sláintíochta	Leibhéal freagrachta	
			Do Bhainistíocht Margaí Mórdhíola	Do ghnóthais bhia eile
Torthaí & Glasraí	Úr	Íseal	Ard	Ard
	Próiseáilte	Ard	Teoranta nó dada	Ard
Feoil & táirgí feola	Úr	An-Ard	Ard	An-Ard
	Gearradh	An-Ard	Teoranta nó dada	An-Ard
	Faoi Chlúdach	Ard	Ard	Ard
Iasc & táirgí éisc	Beo/Úr	An-Ard	Ard	An-Ard
	Filléadaithe	An-Ard	Teoranta nó dada	An-Ard
	Faoi Chlúdach	Ard	Ard	Ard
Bainne & táirgí déiríochta	Úr	Ard	Ard	An-Ard
	Próiseáilte	Ard	Teoranta nó dada	An-Ard
	Faoi Chlúdach	Ard	Ard	Ard
Táirgí reoite		An-Ard	Teoranta nó dada	An-Ard
Táirgí deataithe/próiseáilte		Ard	Teoranta nó dada	Ard

Mar gheall ar a nádúr ginearálta solúbtha, baineann na moltaí sa Treoir seo le gach cineál margaí cibé earraí bia atá á ndíol.

Léiríonn anailís ar rioscaí ar mhargadh mórdhíola gurb é an príomhbhagairt i dtéarmaí sláinteachais bia ná an fhéidearthacht go n-éireoidh earraí bia éillithe. Moltar an córas AGPRC mar áis le cur i bhfeidhm ag bainistíocht margaí mórdhíola chun guaiseacha fisiceacha, micribhitheolaíochta agus ceimiceacha a srianadh laistigh de na hachair iad féin as a bhfuil siad freagrach. Dá réir sin, cuireann an Treoirleabhar seo béim ar dhéileáil le riosca éillithe, go háirithe maidir le dearadh agus leagan amach na bhfoirgneamh agus na córais/coinníollacha feidhme.

Mar atá ráite i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, Caibidil III alt 7 (forbairt, scaipeadh agus úsáid treoracha dea-chleachtais), áfach, is léir nach bhfuil an treoir éigeantach agus nach féidir í a úsáid ach amháin ar bhonn deonach.

IV. Sainaithint freagrachtaí sonracha ar bhainistíocht margaí mórdhíola

Maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bhia, nuair a bhíonn na seirbhísí a thugann siad do ghnóthais bia neamhspleácha nó ar a leasa, is féidir leis na nithe seo a leanas a chur in áireamh na bhfreagrachtaí ar bhainistíocht na margaí mórdhíola:

1. Áitreabh a thairiscint – go bunúsach foirgnimh agus/nó talamh;
2. Cothabháil an áitribh;
3. Freagracht as trealamh
4. Rialú teasa;
5. Glanadh na n-achar "poiblí";
6. Aeráil – lena n-áirítear aerchóiriú, fuarú, cuisniú, teas, srl;
7. Soilsiú na n-achar poiblí idir laistigh nó lasmuigh de na foirgnimh;
8. Bunseirbhísí a sholáthar; mar atá leictreachas, gás, uisce te agus fuar, draenáil, camras, srl;
9. Sláinteachas pearsanta: lena n-áirítear leithris, báisín níocháin lámha, cithfholcadh, áiseanna seomra cótaí, srl, nuair a bhíonn siad laistigh d'achair phoiblí;
10. Bailiú agus baint diúscairt dramhaíola;
11. Srianadh lotnaidí;
12. Oiliúint;

Guaiseacha agus reachtaíocht a bhaineann le freagrachtaí

Do gach ceann de na seirbhísí thuasaitheanta a bhaineann le freagrachtaí atá go sonrach ar bhainistíocht margaí mórdhíola, tugtar sna leathanaigh seo a leanas:

- Sainaithint na bpríomhghuaiseacha inar féidir le bainistíocht margaí mórdhíola bheith gníomhach;
- Anailís ghairid ar theorainneacha na bhfreagrachtaí ar bhainistíocht margaí mórdhíola;
- Achomair ar na tagairtí do reachtaíocht an AE i ngach cás, agus trácht míniúcháin de réir mar is gá.

Nóta: Comhfhreagraíonn uimhreacha tugtha mar thagairtí ar reachtaíocht AE le caibidlí agus fochaibidlí Iarscríbhinne II de Rialachán Uimh. 852/2004 ar shláinteachas earraí bia nó Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nuair is gá. Baineann na tagairtí céanna le Caibidil VI, Miontreoir ar Dhea-Cleachtais Sláinteachais an doiciméid seo.

Gníomhaíocht Uimh.1

TAIRISCINT ÁITRIBH

a) Príomhghuaiseacha:

Tairgeann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola áitreabh do ghnóthais bhia. Go ginearálta, bíonn dhá fhéidearthacht ann

- Is í bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola úinéir an áitribh atá á ligean ar cíos do ghnóthais bhia. Sa chás sin, is é an príomhghuais áitreabh a thairiscint nach bhfuil oiriúnacht le ligean dóibh rialacháin reatha a chomhlíonadh agus faomhadh oifigiúil a fháil (ó sheirbhísí tréidliachta, srl);
- Is iad na gnóthais bhia féin úinéirí an áitribh a bhfuil siad ann. Sa chás sin, is orthusan an fhreagracht gach gné de na rialacháin a bhaineann leis an áitreabh a chomhlíonadh.

Le linn tógála, athchóirithe nó athnuachana, ní mór do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola riachtanais ar leith a thabhairt san áireamh de réir chineál an ghnóthais bhia lena mbaineann, idir i dtéarmaí na dtáirgí agus líon na dtáirgí atá i gceist.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Féadann freagrachtaí atá ar bhainistíocht margaí mórdhíola bheith gníomh ag leibhéil éagsúla, cuir i gcás:

- Dearadh áitribh nua nó athchóiriú faoina rialú;
- Cothabháil áitribh faoina húinéireacht agus/nó faoina freagracht;
- Rialú oibríochtaí, forfheidhmiú, srl.

Ar ndóigh, is mór an difear idir leibhéal freagrachta idir achair “phoiblí” (freagracht iomlán) agus achair “phríobháideacha” (freagracht comhroinnte nó dada).

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Ceanglais ghinearálta maidir le leagan amach, dearadh, lonnú, méid an áitribh	I.2	Bailí d’fhoirgnimh nua agus athnuachan agus iad faoi cheannas nó faoi fhreagracht bhainistíocht margaí mórdhíola. Tá gach gné tábhachtach agus ní mór bheith oiriúnach do na táirgí atá lena láimhseáil ann: dearadh, bunábhair, monatóireacht agus taifeadadh teasa, srl.
Riachtanais ar leith do na seomraí próiseála maidir le leagan amach agus dearadh	II.1 (a) go (f)	Tríd is tríd, is iad na gnóthais bhia na húinéirí, a bhfuil freagracht orthu as an gcineál sin trealaimh dá réir. Ní bhíonn bainistíocht margaí mórdhíola freagrach as rogha nó cothabháil an trealaimh go ginearálta. Tá caighdeáin do na seomraí próiseála i bhfad níos airde ná do sheomraí ginearálta.
Glanadh Aeráil Soilsiú Seirbhísí Sláinteachas pearsanta Diúscairt dramhaíola Srianadh lotnaidí		Féach na leathnaigh lena mbaineann
Áiseanna chun acraí & trealamh a ghlanadh	II.2	Tríd is tríd, ní bhaineann sé le bainistíocht margaí mórdhíola ach amháin i gcásanna áirithe d’fhoirgnimh nua agus athchóiriú agus athnuachan.

Gníomhaíocht Uimh.2

COTHABHÁIL AN ÁITRIBH

a) Príomhghuaiseacha:

- Damáiste don áitreabh, a bhfuil na torthaí féideartha ann mar a leanas: nochtadh don atmaisféar amuigh, bailiú salachair, tearmannú lotnaidí, múnla...;
- Ligin nó feistí scaoilte a bhaineann le sreabhán, gáis, draenáil, srl.;
- Imoibrithe ceimiceacha diúltacha féideartha idir ábhair thógála agus táirgí, earraí glantacháin san áireamh;
- Aeráil agus rialú teasa nach gcomhlíonann na ceanglais fheidhmiúcháin.
- Imoibrithe ceimiceacha diúltacha féideartha idir ábhair thógála agus táirgí, earraí glantacháin san áireamh;

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Tá freagracht iomlán ar bhainistíocht margaí mórdhíola as achair "phoiblí".

Maidir le hachair "phríobháideacha", bíonn dhá fhéidearthacht ann go ginearálta:

- Is í bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola úinéir an áitribh atá á ligean ar cíos do ghnóthais bhia. Ba cheart go mbeadh freagrachtaí as cothabháil sonraithe sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus oibreoir an ghnóthais bhia;
- Is iad na gnóthais bhia féin úinéirí an áitribh a bhfuil siad ann. Sa chás sin, is orthusan an fhreagracht as gach gné a bhaineann leis an áitreabh.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Áitreabh bia a chothabháil i slacht agus staid mhaith	I .1	Cláir bheartaithe cothabhála agus ionadaíochta. Amscálaí le bunú ar cháilíocht na n-ábhar, ar thógáil, ar úsáid agus caitheamh dóchúil.
Ba cheart áitreabh a chosaint i gcoinne: - bailiú salachair - teagmháil le hábhair thocsaineacha - cur páirteagal - comhdhlúthúchán - múnla míchuibhiúil	I . 2 (b)	Monatóireacht reatha, taifeadadh agus cothabháil do: - gach dromchla, go hairithe ballaí, síleáil - ligin agus feistí scaoilte a bhaineann le sreabhán, gáis, draenáil; - córais rialaithe aerála agus teasa.

Gníomhaíocht Uimh. 3

FREAGRACHT AS TREALAMH

a) Príomhghuaiseacha:

- Riosca truaillithe cheimicigh/bitheolaíoch

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Tá freagracht iomlán ar bhainistíocht margaí mórdhíola as achair "phoiblí".

Maidir le hachair "phríobháideacha", bíonn dhá fhéidearthacht ann go ginearálta:

- Is í bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola úinéir an áitribh atá á ligean ar cíos do ghnóthais bhia. Ba cheart go mbeadh freagrachtaí as cothabháil sonraithe sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus oibreoir an ghnóthais bhia;
- Is iad na gnóthais bhia féin úinéirí an áitribh a bhfuil siad ann. Sa chás sin, is orthusan an fhreagracht as gach gné a bhaineann leis an áitreabh.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Trealamh a dhéanann teagmháil le bia, ní mór é a thógáil ionas nach mbeidh riosca éillithe ann.	V. 1 (b)	Nuair a bhíonn bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as trealamh a shuiteáil, ba cheart do gach ball na Rialacháin a chomhlíonadh a bhaineann le hábhair atá ceadaithe teagmháil a dhéanamh le bia. Lena n-áirítear leis seo cruach dhosmálta, plaistigh agus ceireamaic den ghrádú bia.
Trealamh a dhéanann teagmháil le bia, ní mór é a ghlanadh agus, nuair is gá, a dhíghalrú.	V.1 (a)	Féach freisin Gníomhaíocht 5 "Glanadh agus díghalrú". I ngach cás, ba cheart beart maidir le glanadh agus díghalrú a shocrú i scríbhinn. Ba cheart an sceideal comhfhreagrach a sheiceáil agus a shíniú ag an mbainistíocht. Baineann sé sin freisin ar chonarthaí tríúpháirtithe.

Gníomhaíocht Uimh. 4

RIALÚ TEASA

a) Príomhghuaiseacha:

- Riosca fás baictéar is cúis le nimhiú bia;

- Cruthú tocsainí de bharr fás baictéar is cúis le nimhiú bia

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Tá freagracht iomlán ar bhainistíocht margaí mórdhíola as achair "phoiblí".

Maidir le hachair "phríobháideacha", bíonn dhá fhéidearthacht ann go ginearálta:

- Cuireann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola <u>córas rialaithe teasa coiteann</u> ar fáil mar shaoráid as a bhfuil sí go hiomlán freagrach.
- <u>Tá a gcóras rialaithe teasa féin ag na gnóthais bhia.</u> Sa chás sin, is orthusan an fhreagracht as gach gné a bhaineann leis an áitreabh.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Ba cheart don leagan amach, dearadh, tógáil, lonnú agus méid an áitribh coinníollacha stórála agus láimhseála teas rialaithe a chur ar fáil chun earraí bia a choimeád ag teocht oiriúnach agus iad deartha le monatóireacht a dhéanamh air, agus de réir mar is gá, taifeadadh a ligin.	I.2 (d)	Ba cheart earraí bia a choimeád ag teocht atá oiriúnach don chomhchineál táirge de réir na rialachán oifigiúil, má tá siad ann. Ba cheart córais fuartháirgthe a chalabrú chun na teochta sin a sheachadadh go héifeachtach, ag aithint go bhfuil riachtanais chumhachta difriúil le cuisniú agus le reo. Ba cheart córas/gléas monatóireachta agus taifeadta a shuiteáil i ngach achar cuisnithe agus/nó reoite a bhfuil aláraim ionsúite ann, (intaifeadta, inchloiste agus infheicthe). Ba cheart gach trealamh a úsáidtear le haghaidh monatóireachta agus taifeadta teasa a chalabrú agus a sheiceáil ar bhonn reatha.

Gníomhaíocht Uimh. 5

GLANADH AGUS DÍGHALRÚ

a) Príomhghuaiseacha:

Éilliú earraí bia de bharr:

- Glanadh neamhleor nó uireasach an áitribh, achar coiteann, trealaimh, srl.,
- Dearadh neamhleor an áitribh a dhéanann glanadh ainéifeachtach
- Úsáid mhíchuí na n-oibreán ceimiceach do ghlanadh agus do dhíghalrú

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Achair phoiblí: freagracht iomlán. Ciallaíonn sé sin nach mór do bhainistíocht an mhargaidh sainiú :

- Áit le glanadh agus le díghalrú go hinmheánach agus go seachtrach de réir cineál úsáide;
- An dóigh chun glanadh agus díghalrú: minicíocht, cáilíocht;
- Rogha na n-ábhar le glanadh agus le díghalrú a éascú, go hinmheánach agus go seachtrach;
- Dearadh áitribh le glanadh agus díghalrú éasca éifeachta a éascú;
- Inrianaitheacht, iniúchadh, srl.

Achair phríobháideacha: Níl freagracht dhíreach ar bhainistíocht margaí mórdhíola. Féadtar comhfhreagracht a bheith ann, ag brath ar dhearadh an áitribh, bearta rialaithe, srl. Tugtar formáid agus ábhar caighdeánach ar sceideal glantóireachta agus díghalraithe i gcaibidil 5 (féach rannán I.1)

I ngach cás, tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara nach mór faomhadh a fháil ón údarás inniúil maidir le rogha na n-oibreán ceimiceach, a n-úsáid agus coinníollacha a stórála.

Is ceann de na réamhriachtanais é an faomhadh seo chun gnóthais bhia a chlárú, – bainistíocht margaí mórdhíola san áireamh – mar a chuirtear síos in alt 6 Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do shláinteachas earraí bia.

c) **Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta**

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Glanadh ginearálta an mhargaidh	I.1.	Tá ceanglas ann do gach oibreoir gnóthais bhia a gcuid áitreabh a choimeád glan, agus leibhéal cuí díghalraithe ann.
Leagan amach / dearadh	I.2 / VI.3	Bailí d'fhoirgnimh nua agus athnuachana nó oibrithe athchóirithe atá socraithe ag bainistíocht margaí mórdhíola i gcás nach mór glanadh agus díghalrú a thabhairt san áireamh.
Stóráil oibreán glantacháin	I.10	Ba cheart na táirgí sin a stóráil i gcoimeádán

agus díghalrúcháin		inghlasáilte nó i stóras ar leith i bhfad ar shiúl ó achair ina mbíonn bia á láimhseáil. Ba cheart áiseanna stórála/stórais do tháirgí agus ábhair ghlantacháin a shainaithint le comharthaíocht chuí.
Urlár	II.1.a	Tagraíonn sé ar cheanglais ar leith maidir le hachair chun bia a ullmhú. Ní bailí é ach amháin d'fhoirgnimh nua, nuachóirithe nó athnuachana. Bailí freisin do rialúcháin.
Ballaí	II.1.b	
Síleálacha	II.1.c	
Doirse	II.1.d	
Fuinneoga	II.1.a	
Dromchlaí	II.1.f	
Áiseanna chun acraí & trealamh a ghlanadh agus a dhíghalrú	II.2	Go ginearálta, ní bhaineann sé le bainistíocht margaí mórdhíola, ach amháin i roinnt cásanna áirithe d'fhoirgnimh nua, athchóiriú nó athnuachana.
Baill, feistí agus trealamh	V. 1, 2, 3	Ní bhaineann sé go ginearálta le bainistíocht margaí mórdhíola.
Coimeádáin dramhbhianna	VI.2	Tagraíonn sé do cheanglais maidir le dramhbhianna, fotháirgí do-ite agus coimeádáin bhruscair eile. Tá freagrachtaí bhainistíocht margaí mórdhíola tábhachtach ag an leibhéal seo.
Doirtil, báisíní níocháin agus áiseanna eile	II.3	Tagraíonn sé do cheanglais do gach doirteal agus áiseanna eile as a mbaintear úsáid chun bia a ní, nach mór iad a choimhéad glan díghalraithe. Ní bhaineann freagrachtaí ar bhainistíocht margaí mórdhíola ach amháin le hachair phoiblí.

Gníomhaíocht Uimh. 6

AERÁIL

a) Príomhghuaiseacha:

Is í an ghuais do bhainistíocht margaí mórdhíola ná éilliú bia nó pearsanra de bharr aeráil a bheith neamhleor.

Lena n-áirítear faoi "aeráil" mar seo a leanas:

- Aeráil meicniúil/neamhmheicniúil
- Aer timpeallach / fuaraithe / cuisnithe / téite
- Aer scagtha / neamhscagtha
- Achair phoiblí / phríobháideacha
- Oiriúnacht (don chuspóir) an trealaimh
- Cothabháil
- Comhdhlúthúchán gal
- Sreabháin an chomhbhrúiteora
- Píopaí, scagairí, srl.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Féadann bainistíocht margaí mórdhíola bheith freagrach as:

- Dearadh ar achair phoiblí (tógáil nua, athchóiriú, nó athnuachan) agus achair phríobháideacha (nuair a bhíonn freagrach as dearadh agus / nó tógáil);
- Oibríocht, rialú, iniúchtaí.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	**Rialachán AE 852/2004**	**Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola**
Leagan amach agus dearadh suiteálacha	I.2 (a), I.2 (c) & I.2 (d)	Nuair a bhíonn faoi rialú bhainistíocht margaí mórdhíola, ní mór dearadh soláthair aer a chomhlíonadh de réir rialachán. Ní mór go mbeadh scagairí agus baill eile den chóras inrochtana le haghaidh cothabhála.
Oibríocht aerála, soláthair aer	I.5	Nuair a sholáthraíonn bainistíocht margaí mórdhíola é, ní mór aeráil, aerchóiriú nó fuarú a sheiceáil go rialta agus taifid a dhéanamh/a choimeád.
Aeráil na n- áiseanna sláintíochta	I.6	Ní mór dearadh a bheith leordóthaineach

Gníomhaíocht Uimh. 7

SOILSIÚ

a) Príomhghuaiseacha:

Éilliú fisiceach agus/nó micreabhitheolaíoch bia de bharr suiteálacha soilsithe neamhoiriúnacha agus/nó cothabhála neamhleor.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Féadann bainistíocht margaí mórdhíola bheith freagrach as:

- Dearadh ar achair phoiblí (tógáil nua, athchóiriú, nó athnuachan) agus achair phríobháideacha nuair a bhíonn freagrach as dearadh agus/nó tógáil (suíomh; leibhéal soilsithe, cineál feistithe, srl);
- Glanadh;
- Cothabháil.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Soilsiú nádúrtha imleor	I.7	Gach fuinneog atá lonnaithe in achair ina mbíonn earraí bia á láimhseáil agus ar féidir leo oscailt, ba cheart iad a chosaint le scáileáin in aghaidh feithidí.
Soilsiú saorga imleor		In achair ina mbíonn bia oscailte á láimhseáil, ba cheart soilsí a chlúdach chun éilliú bia a chosc i gcás damáiste don fheistiú, agus chun glanadh a éascú. Roinnt samplaí ag leibhéal deartha: • Ba cheart feistí soilse fluaraiseach a sholáthair le réscaiptheoirí nó feistithe le feadáin chosanta. • Ba cheart feistí soilse a fheistiú go comhréidh más féidir agus gan iad a chrochadh ar shlabhraí crochta. • Ba cheart sreangú a chur isteach sna ballaí nó sa tsíleáil.
Soilsiú nádúrtha agus/nó saorga		Ba cheart coinníollacha glantacháin a shocrú agus a iniúchadh in achair phoiblí. I ngach cás, ba cheart go mbeadh leor-shoilsiú ann le bia a láimhseáil go sábháilte agus glanadh éifeachtach a ligean.

Gníomhaíocht Uimh. 8

SEIRBHÍSÍ AGUS FREAGRACHTAÍ

a) Príomhghuaiseacha:

Is í an ghuais do bhainistíocht margaí mórdhíola ná éilliú bia de bharr easpa soláthar seirbhísí do na hoibreoirí.

Lena n-áirítear faoi "seirbhísí" mar seo a leanas:

- Leictreachas
- Gas
- Uisce (te agus fuar, oighear, inólta nó do-ólta, le glantachán, le doirteadh tinte, fuarú, aisréadóirí, srl.)
- Draenáil (dearadh, cothabháil)
- Camras (dearadh, cothabháil)

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Cé gur féidir glacadh leis go soláthraíonn cuideachtaí uisce inólta, ba cheart aire a thabhairt ar sholáthar imleor uisce a chomhfhreagraíonn an tseirbhís sin.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Leagan amach agus dearadh suiteálacha	I.2 (c)	Agus é faoi chúram bhainistíocht margaí mórdhíola, ní mór don dearadh um sholáthar uisce, leor-uisce a dhaingniú do gach cuspóir, agus maidir le huisce inólta, do gach oibríocht a bhfuil teagmháil dhíreach nó neamhdhíreach le bia acu.
Draenáil	I.8	Ba cheart áiseanna draenála a dhearadh, a thógáil. a chothabháil agus a ghlanadh chun riosca éilliú earraí bia a sheachaint
Uisce chun acraí a ghlanadh agus a dhíghalrú	II.2	Cáilíocht inólta ba cheart bheith ann agus faoi réir rialaithe agus iniúchta reatha. Freagracht na n-oibreoirí atá ann, de ghnáth.
Uisce chun bia a ní	II.3	Cáilíocht inólta ba cheart bheith ann agus faoi réir rialaithe agus iniúchta reatha. Freagracht na n-oibreoirí atá ann, de ghnáth.
Soláthar uisce	VII.1	Dea-chleachtas atá ann soláthar uisce inólta imleor a chinntiú, mar shampla trí chinntiú go ndéanann saotharlann faofa cáilíocht an uisce a thástáil gach bliain.
Uisce athchúrsáilte	VII.3	Freagracht na n-oibreoirí atá ann, de ghnáth.
Oighear	VII.4	
Gal	VII.5	
Uisce do-ólta Smachtú tinte	VII.2	
Cóireáil teasa	VII.6	

Gníomhaíocht Uimh. 9

SLÁINTEACHAS PEARSANTA

a) Príomhghuaiseacha:

Riosca do-ghlactha thruailliú bia de bharr foirne agus daoine eile, go háirithe nuair a bhíonn tinnis nó cneácha galracha, galair chraicinn, srl. orthu.

Lena n-áirítear sa sláinteachas pearsanta leithris, báisíní níocháin, doirtil, cithfholcthaí, seomraí cótaí, éadaí, seodra, srl.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Ní bhaineann freagrachtaí ar bhainistíocht margaí mórdhíola ach amháin le hachair phoiblí (leithris go háirithe).

Féadtar dearadh agus/nó tógáil (tógáil nua agus athchóiriú agus athnuachan), glanadh, rialú iniúchadh, srl a chur san áireamh freisin.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Glantachas pearsanta agus éadaí cosanta	VIII. 1	Beart sláinteachais ag bainistíocht an mhargaidh mar a bhaineann le glantachas agus sláinteachas na bhfostaithe.
Tinnis agus créachtaí galracha na bhfostaithe	VIII.2	Beart bhainistíocht an mhargaidh a bhaineann le tuairisciú ar aon ghalar nó angaid ar féidir bheith in-tarchurtha.
Leagan amach agus dearadh suiteálacha	I.2 (c)	Nuair a bhíonn an fhreagracht ag bainistíocht margaí ní mór dearadh agus leagan amach na suiteáilte a dhéanamh de réir na rialachán (chun traséilliú a chosc mar shampla).
Líon, lonnú na mbáisíní níocháin, leithris,...	I.3, I.4	Ba cheart líon agus lonnú na mbáisíní níocháin a shocrú le linn tógála nó athchóirithe nó athnuachana, agus líon na foirne, leagan amach an áitribh, cineál bia, srl, a chur san áireamh.
Uisce te do na báisíní níocháin	I.4	Tá teocht an uisce tábhachtach (imleor lena n-úsáid agus éilliú na bpíopaí á chosc).
Áiseanna chun athraithe ag pearsanra	I.9	Achair cúrsaíochta na foirne idir an tsráid agus seomraí/áitreabh; earraí cosanta (bia ainmhithe).

Gníomhaíocht Uimh. 10

DIÚSCAIRT DRAMHAÍOLA

a) Príomhghuaiseacha:

Bailiú dramhaíola agus éilliú bia.

Is iad dramhbhianna, fotháirgí do-ite agus bruscar eile atá sa diúscairt dramhaíola.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Níl baint dhíreach ag bainistíocht margaí mórdhíola le dramhbhianna nó le bruscar eile a choimeádtar in áitreabh príobháideach. Tá an fhreagracht ar bhainistíocht margaí mórdhíola go ginearálta as áiseanna a chur ar fáil le haghaidh dramhbhianna agus dramhaíola a dhiúscairt.

Maidir le dramhaíl seachas dramhbhianna ainmhithe, ba cheart do bhainistíocht margaí mórdhíola raon a gcuid freagrachtaí do ghnóthais bhia ar an láithreán a shonrú:

- An dóigh chun dramhaíl a bhailiú (de réir cineálacha dramhaíola: ainmhí, luibh agus eile; crua agus leacht, srl);
- Cineálacha coimeádán lena n-úsáid;
- Glanadh agus díghalrú;
- Eagrú bailiúchán dramhaíola (modh bailiúcháin, minicíocht, uaireanta);
- Riar na gcostas.

In aon chás, ní mór gan bruscar agus/nó dramhaíl a stóráil ar dhóigh a meallfadh lotnaidí.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Bailiú dramhaíola	VI.1	Is ar na gnóthais bhia ar an láithreán an fhreagracht as dramhbhianna ainmhithe go ginearálta agus bíonn cuideachtaí spesialaithe riachtanach.
Cineál coimeádáin agus diúscairt dhramhbhianna.	VI.2 (1)	Ba cheart go mbeadh coimeádáin dhifriúla ann do chineálacha éagsúla na dtáirgí, in-nite, agus staid mhaith orthu.
Stórtha bruscair: dearadh agus bainistíocht:	VI.3	Ní mór bainistíocht, glanadh agus oibríocht a eagrú mar is ceart.
Srianta timpeallachta	VI.4	Teorannaigh an riosca ar an timpeallacht (athchúrsáil cairtchláir, boscaí cláir agus pailléid, múirín). Cóireáil ar leith do dhramhaíl leachta.

Féach freisin Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 ag leagan síos rialacha sláinte maidir le fotháirgí ainmhithe nach bhfuil le hithe ag daoine.

Gníomhaíocht Uimh. 11

SRIANADH LOTNAIDÍ

a) Príomhghuaiseacha:

Iomadú agus inmhíolú lotnaidí a chruthaíonn fadhbanna a bhaineann le sláinteachas agus le héilliú bia.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Teoranta d'achair phoiblí.

Rialú agus monatóireacht thréimhsiúil in achair phríobháideacha.

Ba cheart cineál srianta lotnaidí, minicíocht, monatóireacht a shainiú go soiléir.

c) Tagairt ar Rialachán AE agus tráchta

Ceannteideal	Rialachán AE 852/2004	Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola
Leagan amach agus dearadh suiteálacha	I.2 (c)	Ba cheart do bhainistíocht margaí mórdhíola beart ginearálta a fhorbairt do mhargadh uile in aghaidh inmhíolú lotnaidí, lena n-áirítear gach áit phoiblí faoina freagracht.
Bainistíocht dramhaíola	VI.3	In aon dóigh, ní mór gan bruscar agus/nó dramhaíl a stóráil i ndóigh a meallfaidh lotnaidí. Ba cheart slacht ginearálta an mhargaidh a chuimsiú sa bheart (dramhbhianna chomh maith le bruscar eile).

Leid úsáideach:

Cé go bhfuil freagracht an aonáin maidir le srianadh lotnaidí difriúil in achair phoiblí agus phríobháideacha, moltar go mbeadh sceideal comhchoiteanna ann don mhargadh go ginearálta.

Déanann a leithid den sceideal sin bogadh na lotnaidí as crios srianta isteach go crios neamhshrianta a sheachaint agus tugann éifeacht níos fearr do ghníomhaíocht in aghaidh lotnaidí.

Gníomhaíocht Uimh. 12

OILIÚINT PHEARSANTA

a) Príomhghuaiseacha:

Sárú sláinteachais agus sábháilteachta bia de bharr pearsanra nach bhfuil go leor oiliúna acu.

Rioscaí sláinteachais pearsanta as a dtéann éilliú bia.

b) Freagracht bhainistíocht margaí mórdhíola

Foireann de chuid bhainistíocht na margaí mórdhíola nó de chuid a ngníomhairí conartha, ba cheart dóibh gan bia a láimhseáil. Ní bhaineann na ceanglais dhlíthiúla seo leis na daoine sin dá réir.

Ní mór dóibh, áfach, tuiscint go bhfuil siad ag obair in áitreabh atá ag déileáil le táirgí úra agus gur féidir lena gcuid gníomhaíochtaí cur isteach ar shábháilteacht bhia. Ní mór gach fostaí a chur faoi oiliúint sláinteachais a bhaineann lena ngníomhaíochtaí, go háirithe guaiseacha bia agus bearta rialaithe atá aitheanta ag an anailís ghuaise.

c) Tagairt ar rialachán agus tráchta

Ceannteideal	**Rialachán AE 852/2004**	**Tráchta agus ceanglais do bhainistíocht margaí mórdhíola**
Gach duine a láimhseálann bia a chur faoi oiliúint i gcúrsaí sláinteachais bhia	XII	Ní mór treoracha ar shláinteachas a thabhairt do gach fostaí de réir mar a bhaineann lena ngníomhaíochtaí.

V. Miontreoir ar Dhea-Chleachtais Sláinteachais

Déanann an chuid seo den treoir ar Dhea-Chleachtais Sláinteachais mionbhreithniú ar sheacht saincheist, ar a bhfuil tagairt déanta ar gach ceann acu i gcaibidil ar leith in Iarscríbhinn II Rialachán Uimh. 852/2004 an 29 Aibreán 2004.

Tá mionchur síos déanta sna seacht gcaibidil sin mar baineann siad go díreach le bainistíocht margaí mórdhíola.

- Ceanglais ghinearálta ar áitreabh bia lena n-áirítear achair agus láithreáin lasmuigh (Caibidil I)
- Ceanglais shonraithe i seomraí ina mbíonn bia á ullmhú, á chóireáil nó á phróiseáil (Caibidil II)
- Ceanglais maidir le trealamh (Caibidil V)
- Dramhbhianna (Caibidil VI)
- Soláthar uisce (Caibidil VII)
- Sláinteachas Pearsanta (Caibidil VIII)
- Oiliúint (Caibidil XII)

AN TREOIR AR DHEA-CHLEACHTAIS SLÁINTEACHAIS DO BHAINISTÍOCHT MARGAÍ MÓRDHÍOLA

Rinneadh an treoir seo a fhorbairt de réir Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 maidir le sláinteachas earraí bia agus, de réir mar a bhaineann, le Rialachán (CE) Uimh.853/2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do shláinteachas earraí bia. Is é is aidhm atá aici treoir ar chomhlíonadh le reachtaíocht a chur ar fáil do bhainistíocht margaí mórdhíola i gcomhthéacs lena baint le gnóthais bhia a oibríonn ar an láithreán cibé acu trádálaithe bia nó cuideachtaí a ullmhaíonn agus a chóireálann earraí bia.

Déanann na caibidlí difriúla sa treoir seo tagairt ar Iarscríbhinn II Rialachán Uimh. 852/2004 "Ceanglais ghinearálta shláinteachais a bhaineann le gach gnóthas bia (seachas an chéad táirgeadh)" a bhfuil XIII chaibidil ann. Níor rinneadh forbairt sa treoir seo ach amháin ar na caibidlí siúd a bhaineann go díreach le bainistíocht margaí mórdhíola.

CAIBIDIL I: CEANGLAIS GHINEARÁLTA AR ÁITREABH BIA LENA N-ÁIRÍTEAR ACHAIR AGUS LÁITHREÁIN LASMUIGH

Ceanglas dlíthiúil	Treoir ar chomhlíonadh	Comhairle ar dhea-chleachtas
1. Áitreabh bia a choimeád glan agus a chothabháil i slacht agus staid mhaith	Ba cheart gach áit a chur faoi fhreagracht gnóthais ar leith, cíbe bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola nó gnóthas eile atá ann. Ní féidir áit a fhágáil nach bhfuil faoi fhreagracht gnóthais bhia. Sa chás go gcomhroinneann dhá ghnóthas nó níos mó an t-aon achar amháin, ní mór go bhfuil ceann acu freagrach as an achar. Ba cheart go ndéanfar Rialacháin margaí mórdhíola agus/nó conartha idir bainistíocht an mhargaidh agus gnóthais bhia freagrachtaí faoi seach a shonrú laistigh den áitreabh bia. Ba cheart go mbeadh gach cuid den áitreabh bia (urláir, ballaí, síleálacha, feistiú soilsí, córais aerála, trealamh seasta, doirtil, báisíní níocháin agus leithris) glan agus i slacht maith.	Moltar go hard sceidil ghnáthaimh ghlantacháin agus dhíghalraithe a leagadh síos lena chinntiú go nglantar gach cuid den áitreabh agus trealamh go héifeachtach ar bhonn reatha. Ba cheart don sceideal glantacháin / díghalraithe, cíbe acu faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola nó tríúpháirtí faoi chonradh, bheith scríofa agus na nithe mar a leanas istigh leis: - **<u>Achar</u>:** sonraithe soiléire an achair lena ghlanadh/dhíghalrú, modhanna lena n-úsáid, caighdeáin fhoscríofa agus aon réamhchúram

		sláinte agus sábháilteachta a éilíonn gach aon cheann acu. - **Minicíocht agus fad tréimhse** an phróisis ghlantacháin/dhíghalraithe, atá comhfhreagrach don riosca, do gach achar sonraithe. - **Táirge agus ábhair le húsáid** i ngach achar sonraithe lena n-áirítear sonraí ar neart an cheimiceáin, treoracha lena n-úsáid agus ar oiriúnacht lena n-úsáid le bia nó cóngarach dó. - **Deimhniú agus taifeadadh** ar mhinicíocht na feidhme agus ar éifeacht chaighdeán an ghlantacháin /an díghalraithe i ngach achar. - **Freagrachtaí:** taifead ag duine freagrach as glanadh/díghalrú a chomhlíonadh agus as an bpróiseas a sheiceáil. Ba cheart don bhainistíocht an sceideal/glantacháin agus díghalraithe a sheiceáil agus a chomhshíniú (féach sampla sceidil in Aguisín A) agus an fhoireann a spreagadh "glan mar a théann siad".
	Ba cheart don ghnóthas ar leis an fhreagracht cinntiú go ndéanfar scrúdú reatha ar an áitreabh bia chun fabhtanna déanmhasacha nó trealamh briste a aithint agus a dheisiú.	Dea-chleachtas atá ann gan cur isteach ar an ngnó mar gheall ar threalamh lochtach nó briste trí chláir beartaithe cothabhála agus athchurtha don áitreabh agus don trealamh. Ba cheart amscálaí le haghaidh cothabhála agus athchurtha a bhunú ar cháilíocht na n-ábhar, ar thógáil, ar úsáid agus caitheamh dóchúil. Ba cheart go mbeadh slacht maith ar áitreabh agus ar threalamh, in ord

		éifeachtach oibrithe, sábháilte agus inghlanta.
2. Tá ar leagan amach, dearadh, tógáil, lonnú agus méid an áitribh bhia:	Ba cheart do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola riachtanais ar leith a thabhairt san áireamh de réir chineál an ghnóthais bhia lena mbaineann, idir i dtéarmaí na dtáirgí agus líon na dtáirgí atá i gceist.	
(a) Cothabháil glanadh agus/nó díghalrú imleor a ligean chun éilliú aer-iompartha a chosc nó a laghdú, agus spás oibre imleor a chur ar fáil le feidhmiú sláinteachais gach oibríochta a dhéanamh.	Ba cheart go mbeadh na hábhair tógála comhoiriúnach leis an gcineál glantóireachta atá cuí don achar. Ba cheart go ligfeadh leagan amach agus dearadh an áitribh bhia rochtain ar gach cuid den áitreabh le haghaidh glantóireachta. Cinneann dearadh, tógáil agus slacht na ndromchlaí laistigh den áitreabh, cinneann siad a éasca is féidir lena nglanadh. Tá sé riachtanach go roghnófar na hábhair chearta do gach slacht ar shíleálacha, ar bhallaí agus ar urláir agus go bhfuil siad feistithe mar is ceart. Ba cheart aeráil, aerchóiriú nó fuarú a sheiceáil go rialta agus taifid déanta/coimeádta orthu. Ba cheart go mbeadh sruthú aerála, aerchóiriú nó fuarú comhoiriúnach le méid an áitribh agus le líon na n-earraí lena ndéileálann oibreoir an ghnóthais bhia.	Ba cheart do bhainistíocht an mhargaidh mórdhíola agus/nó do ghnóthas bia atá freagrach cinntiú go bhfuil córais agus réamhchúraimí imleora ann chun tarlú imoibrithe ceimiceacha diúltacha a chosc idir ábhair ghlantacháin agus/nó ábhair thógála. Ba cheart go mbeadh deighilt éifeachtach ann idir próisis ghlana agus neamhghlana chun traséilliú a laghdú. Ba cheart go mbeadh dathanna agus ábhair comhoiriúnach le húsáid bhia.
(b) cosaint in aghaidh bhailiú salachair, theagmháil le hábhair thocsaineacha, cur páirteagal i mbia agus cruthú	Ba cheart do leagan amach an áitribh bailiú salachair a chosc in achair dorochtana le haghaidh glantóireachta. Ba cheart foirgnimh atá an faoi láthair a chothabháil mar is cuí, mar shampla, laftáin a laghdú.	Ba cheart pointí balla agus urláir a chlúdach (le múnlálacha cuasacha) le míonghlanadh a éascú. Le linn athchóirithe nó athnuachana, ba cheart gach laftán a shochtadh, más féidir.

comhdhlúthúchán nó múnla míchuibhiúil ar dhromchla;	Ba cheart do na hábhair thógála gan bheith comhdhéanta d'aon ábhar ar féidir leis ábhar tocsaineach a chur le bia idir go díreach nó go hindíreach. Ba cheart don dearadh agus don tógáil, go háirithe maidir le dromchlaí ardleibhéil, gan slacht a chur orthu as a dtiocfadh cur páirteagal mar scileadh péinte, plástair agus mar sin de. Ba cheart tógáil, leagan amach agus méid an áitribh a dhearadh, ag glacadh cineál an chórais aerála san áireamh, is é sin, aerchóiriú, aeráil nó fuarú atá lena shuiteáil chun bailiú suas comhdhlúthaithe a sheachaint.	Ba cheart monatóireacht rialta a dhéanamh ar an áitreabh le haghaidh ligean, feistí scaoilte srl, le deiseanna tearmannaithe lotnaidí a chosc. Ba cheart gan cuasbhallaí a sheachaint mar tugann siad áiteanna teorannaithe do lotnaidí – ba cheart cinntiú go ndéanann conraitheoir srianta lotnaidí athbhreithniú ar na háiteanna sin. In achair ina ngintear gal agus bogthaise, ba cheart dromchlaí mar shíleálacha a shuiteáil agus a insliú chun cruthú braonán comhdhlúthaithe a laghdú. Ba cheart dromchlaí péinteáilte bheith ann ag cáilíocht den ghrádú bia. Is le hoibreoir an ghnóthais bhia trealamh bia, dromchlaí oibre, feistiú agus ábhair de ghnáth agus airsean iomlán na freagrachta dá réir.
(c) Dea-Chleachtais Sláinteachais bhia a ligean, lena n-áirítear cosaint in aghaidh éillithe agus go mór mór, srianadh lotnaidí;	Déanann mórchuid na n-áitreabh cuid mhór gníomhaíochtaí mar ghlanadh, stóráil, ullmhú agus diúscairt dramhaíola. Ba cheart go mbeadh go leor spáis ann i ngnóthais bhia chun deighilt na bpróiseas glan agus "salach" agus ullmhúchán bia ardriosca agus ísealriosca a ligean. Ba cheart achar ar leith a ainmniú chun ábhair phacála a choimeád i bhfad ón achar ina mbíonn bia á ullmhú. Agus é faoi chúram bhainistíocht margaí mórdhíola, ba cheart go mbeadh cáilíocht inólta san uisce do gach oibríocht a bhfuil teagmháil dhíreach le bia ann. Ba cheart go mbeadh aeráil oiriúnach chuí ann, éifeachtach agus	Ba cheart don chonradh idir bainistíocht margaí mórdhíola agus an gnóthas bia leagadh síos cé acu atá freagrach as cothabháil agus glanadh an chórais sholáthair aer (codanna comhchoiteanna agus/nó príobháideacha). Ba cheart do ghnóthais bhia úsáid a bhaint as gach cosaint thánaisteach in aghaidh lotnaidí ar an áitreabh (saighdeadh, scriostóirí leictreacha srl.). Ba cheart áitreabh agus trealamh a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil chun an riosca éilliú táirge a shrianadh agus chun reachtaíocht uile a

	deartha sa dóigh nach dtugtar aer éillithe (m.sh. ón leithreas nó stórais bhruscair) isteach sna seomraí bia. Ba cheart go mbeadh scagairí agus baill eile den chóras inrochtana go díreach nó trí phainéil rochtana. Ba cheart scagairí a chothabháil agus a ghlanadh. Ba cheart go mbeadh leor-acmhainní oiriúnacha aerála ann in áitreabh bia. Ba cheart áiseanna dea-shláinteachais a chur ar fáil (féach 3 agus 9). Ba cheart áitreabh a dhearadh chun rochtain agus teorannú lotnaidí a chosc. Ba cheart go mbeadh doirse, comhlaí agus oscailtí eile ar chineál dlúthfheistithe. Gach fuinneog, atá suite in achair ina mbíonn bia á láimhseáil agus ar féidir leo oscailt, ba cheart iad a chosaint le scáileáin in aghaidh feithidí. Ina theannta sin, ba cheart do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola beart ginearálta a fhorbairt chun inmhíolú lotnaidí a chosc do gach áit phoiblí laistigh de láithreán an mhargaidh a bhfuil sí freagrach as. Ba cheart slacht ginearálta an mhargaidh a chuimsiú sa bheart seo (dramhbhianna chomh maith le bruscar eile). Ba cheart freagrachtaí sannta oibreoirí na ngnóthas bia a thaifeadadh sa bheart sin agus sna dearaí lena mbaineann.	chomhlíonadh. I gcás ina mbíonn doirse seachtracha isteach ar achair láimhseála bunábhair, pacála agus stórála ar oscailt, déantar réamhchúraimí chun chosc isteach a chur ar lotnaidí. Ba cheart leagan amach na ngaistí a thaifeadadh. Ba cheart lonnú gach bearta srianta lotnaidí a aithint i bplean/diagram an láithreáin. Ba cheart gach scrúdú a thaifeadadh. Má tharlaíonn go bhfuil conradh srianta lotnaidí tugtha do thríúpháirtí, tá sé ríthábhachtach go bhfuil na ceanglais thuasluaite ionchorpraithe ann. Ba cheart an fhoireann a chur faoi oiliúint maidir le haithint gnáthlotnaidí agus le comharthaí ar inmhíolú lotnaidí.
(d) de réir mar is gá, coinníollacha stórála agus láimhseála teas rialaithe leor-inniúlachta a chur ar fáil chun earraí bia a	Agus dearadh agus tógáil na stóras, seomraí fuaraithe agus boscaí reoite faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola, ba cheart dóibh bheith in ann earraí bia a choimeád ag teocht atá oiriúnach don táirge agus de réir rialachán, má tá siad ann. Ba	Ba cheart go sonrófar freagrachtaí as monatóireacht, taifeadadh agus cothabháil na suiteálacha sin sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus an gnóthas bia.

choimeád ag teocht chuí agus iad deartha le monatóireacht a dhéanamh air, agus de réir mar is gá, taifeadadh a ligin. .	cheart go mbeadh dearadh agus tógáil na seomraí ullmhúcháin bhia in ann bailiú barraíocht teochta a chosc. Ba cheart córas/gléas monatóireachta agus taifeadta a shuiteáil i ngach achar cuisnithe, lena n-áirítear fuaraitheoirí reoiteoirí cúltaca reoite a bhfuil aláraim ionsúite ann, (intaifeadta, inchloiste agus infheicthe). Ba cheart gach trealamh a úsáidtear le haghaidh monatóireachta agus taifeadta teasa a chalabrú agus a sheiceáil ar bhonn reatha.	Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir achair phoiblí agus phríobháideacha.
3. ***Líon imleor leithreas sruthlaithe le cur ar fáil agus iad ceangailte le córas draenála éifeachtach. Ní osclaítear leithris díreach isteach i seomraí ina mbíonn bia á láimhseáil.***	Ba cheart go mbeadh spás idirghabhálach ann idir an leithreas agus aon seomra ina mbíonn bia á láimhseáil. Ba cheart leithris a cheangail le córas draenála trí ghaiste éifeachtach. Ní mór gan leithris (idir WC agus fualáin) a oscailt go díreach isteach in aon achar ina mbíonn bia oscailte i láthair. I ngnóthais a bhfuil líon ard custaiméirí ag teacht ar láithreán, moltar leithris a chur ar fáil do chustaiméirí nach leithris a mbaineann na fostaithe úsáid astu.	Ba cheart fógraí a chur suas in áiteanna cuí atá cóngarach do gach leithreas a mbaineann láimhseálaithe úsáid astu, a iarrann ar úsáideoirí a gcuid lámha a ní i ndiaidh dóibh an láithreas a úsáid. De ghnáth bíonn an gnóthas bia freagrach as an gcuid sin draenála atá suite laistigh de na hachair phríobháideacha. Tá bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as draenáil lasmuigh de na hachair phríobháideacha suas go dtí an ceangal leis na húdaráis áitiúla nó go dtí an córais camrais phoiblí. Ba cheart na freagrachtaí sin a shonrú sna conartha. Sa dá chás, ba cheart aire a thabhairt lena chinntiú go bhfuil an córas uile ag feidhmiú mar is ceart.
4. Líon imleor báisíní níocháin le cur ar fáil agus iad lonnaithe go cuí	Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach ball foirne i ngnóthais bhia ar bháisín níocháin lámha i gcónaí.	Ba cheart don chonradh idir bainistíocht margaí mórdhíola agus oibreoir an ghnóthais bhia

agus deartha chun lámha a ní. Uisce reatha te agus fuar a sholáthair do na báisíní níocháin, áiseanna le lámha a ní agus a thriomú go sláinteach. Nuair is gá na háiseanna chun bia a ní a bheith ar shiúl ón áis níocháin lámha.	Mura mbíonn an fhoireann in ann an t-áitreabh a fhágáil chun lámha a ní, ba cheart báisíní níocháin a chur ar fáil díreach san áitreabh. Ba cheart líon agus suiteáil na mbáisíní a chinneadh trí na nithe seo a thabhairt san áireamh: - Líon na mball foirne a oibríonn sna gnóthais bhia dhifriúla (m.sh. 1 bháisín do 7 mball foirne); - Leagan amach an áitribh; - Cineál bia atá i gceist; - Raon láimhseála an bhia. Ba cheart báisíní níocháin a lonnú gar d'áiseanna leithris agus ag áiteanna straitéiseacha san áitreabh ionas go bhfuil rochtain áisiúil ag aon oibrí orthu. Is fearr báisíní níocháin a úsáid le lámha a ní amháin. Nuair a bhíonn riosca neamhghlactha éilliú bia ann, ba cheart go mbeadh áiseanna chun bia a ní ar shiúil ó na háiseanna níocháin lámha. Ba cheart báisíní níocháin a chur ar fáil ag bealaí isteach chuig gach achar ullmhúcháin bhia. Is féidir aonaid sa bhreis a lonnú i gcuasa lódála agus seoltaí. Tá comhbhuacaire singil inghlactha chomh maith le huisce soláthraithe ag teocht rialaithe as soláthar uisce píopaithe nó as aonad téimh. Ní mór, tabhairt faoi deara, áfach, maidir le huisce te, féadann píopa atá rófhada is cúis le héilliú baictéarach san fhadtréimhseach. Is fearr gan báisíní níocháin a oibriú de láimhe.	leagadh síos cé acu atá freagrach as glanadh agus cothabháil na mbáisíní níocháin difriúla atá ar fáil, in achair phríobháideacha chomh maith le hachair phoiblí . Ba cheart minicíocht ghlantóireachta a shonrú. Lena n-áirítear sna hábhair oiriúnacha do bháisíní níocháin ná cruach dhosmálta, plaisteach den ghrádú bia agus ceireamaic. Moltar go hard i gcás aon bhia oscailte atá á láimhseáil, go gcuirtear báisíní níocháin ar fáil ar an áitreabh in áit brath ar áiseanna comhchoiteanna. Tríd is tríd, tá bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as soláthar uisce (te agus fuar) chomh maith le hanailís fhoriomlán ar cháilíocht an uisce. Ba cheart do na gnóthais bhia monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar níochán lámha, mar is maith is eol gur féidir éilliú a dhéanamh go gasta mura mbíonn rialacha agus caighdeáin á gcothabháil. Tá na gnóthais bhia freagrach as nithe mar: - cineál gallúnaí in úsáid (baictéiriocídeach más féidir é ach gan gallúnach chumhraithe, go háirithe i seomraí ullmhúcháin bhia); - araidí (is fearr cosoibrithe má bhíonn tuáillí páipéir á n-úsáid); - ba cheart gan aerthriomadóirí nó tuáillí rolláin a úsáid i seomraí ullmhúcháin bhia mar féadann a suiteáil éilliú a thabhairt isteach

	Moltar, i gcás trealamh nó bia atá le ní, ba cheart é a dhéanamh i mbáisíní sonracha seachas iad siúd atá á n-úsáid le lámha a ní. Ba cheart an cineál trealaimh shonraigh sin a thabhairt san áireamh le linn tógála, athchóirithe nó athnuachana.	(riosca ar scaipeadh geirmeacha tríd an aer leis na haerthríomadóirí mar shampla), is tuáillí páipéir atá molta.
5. Bíodh leor-acmhainní oiriúnach aerála nádúrtha agus meicniúil ann. Táthar aershruthú ó achar éillithe chuig achar glan a chosc. Déantar córais aerála ionas gur féidir le scagairí agus codanna eile atá le glanadh, le cothabháil nó le hionadú a rochtain go héasca.	Ba cheart aeráil nádúrtha nó meicniúil a chur ar fáil le cinntiú nach n-éiríonn teas agus bogthaise go leibhéil a chuireann sábháilteacht an bhia i mbaol. Beidh méid na haerála ag brath ar struchtúr, láithreán, lonnú agus úsáid an tseomra. Ba cheart go mbeadh scagairí agus baill eile den chóras inrochtana so-athraithe agus sochothabháilte idir go díreach nó trí phainéil rochtana.	Bíonn bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach go ginearálta as rialú aerála nuair a bhíonn sé socraithe don fhoirgneamh iomlán. Ba cheart go mbeadh a fhios ag gnóthais bhia gan córas duchtanna aerála a mhionathrú in áitreabh príobháideach mar féadann sé cur isteach ar an gcóras aerála uile. Tá bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as glanadh an chórais aerála mar bíonn ar chuideachta speisialaithe riachtanach é sin a dhéanamh. Ba cheart sonrú sna conartha le gnóthais bhia cé acu atá freagrach as an nglantachán seo, as taifid a choimeád agus as airgead atá ar na húsáideoirí difriúla thabhairt. Ba cheart go mbeadh aershruthú agus scagairí faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe.
6. Bítear aeráil nádúrtha nó mheicniúil sna háiseanna sláintíochta.	Ba cheart aeráil nádúrtha nó mheicniúil a bheith ann sna leithris chun bolaithe troma agus aerasóil a chosc sna seomraí bia. Tá aeráil mheicniúil riachtanach sna leithris, in achair inmheánacha an áitribh. Ba cheart go scaoileann na córais sin ar shiúil ó sheomraí bia sa dearadh.	

7. Bítear soilsiú nádúrtha agus/nó saorga san áitreabh bia.	Ba cheart go mbeadh go leor soilsithe ann le bia a láimhseáil go sábháilte agus le glanadh éifeachtach a ligean. Ba cheart go mbeadh leibhéil soilsithe comhfhreagrach leis an gcineál seomra atá i gceist agus gan cur isteach ar an leibhéal teochta san áitreabh. Ba cheart solais a chosaint le réscaiptheoirí dobhriste fud fad an áitribh, seachas sna hoifigí.	In áiteanna ina mbíonn bia oscailte á láimhseáil, ba cheart soilsí a chlúdach chun éilliú bia a chosc i gcás damáiste don fheistiú, agus chun glanadh a éascú. Mar shampla, ba cheart feistí soilse fluaraiseacha a sholáthar le réscaiptheoirí nó a fheistiú le feadáin chosanta. Moltar soilse dobhriste a úsáid. Ba cheart feistiú solais a fheistiú comhréidh más féidir agus gan iad a chrochadh ar shlabhraí crochta mar is gaiste salachair iad. Ba cheart sreangú a chur isteach sna ballaí nó sa tsíleáil de réir mar is indéanta. Ba cheart úsáid seolphíobán nó lascbhoscaí dromchlaí-feistithe a sheachaint.
8. Bítear áiseanna draenála imleora lena gcuspóir ann. Ba cheart iad a dhearadh agus a thógáil chun riosca éillithe a sheachaint. I gcás a mbíonn cainéil draenála oscailte ina iomláine nó páirteacha ann, ní foláir iad a dhearadh lena gcinntiú nach n-imíonn dramhaíl as achar éillithe i dtreo nó isteach achar glan, go háirithe achar ina bhfuil bia á láimhseáil, bia a bhfuil ardriosca féideartha ann tomhaltóir deiridh.	Ba cheart do bhainistíocht margaí mórdhíola cinntiú go mbíonn leor-thitim ann sa draenáil le ligean le dramhaíl chrua agus leachta imeacht le sruth. Ba cheart treoir an tsrutha imeacht as achair ghlanta chuig achair shalacha. Ba cheart go mbeadh na leithris ar chóras ar leith ó dhraenacha sna seomraí ullmhúcháin bhia. Ba cheart gach draein scaoilte rith trí ghaiste éifeachtach. Is fearr draenacha clasáin agus clúdaigh chlasáin bheith comhdhéanta de chruach dhosmálta.	Ba cheart go sonrófar freagrachtaí ar leith maidir le cúram agus cothabháil na n-áiseanna draenála sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus na gnóthais bhia. I ngach cás, moltar cothabháil reatha agus dea-bhainistiú chun barraíocht méathrais, óla nó gréisc a chosc isteach sa chóras. Ba cheart scrúdú rialta agus cothabháil a dhéanamh ar scagairí agus ar chriathair.

	Ba cheart pointí scrúdaithe a chur ar fáil ach leordhúnta chun rochtain a chosc ach amháin ag cuideachtaí glantacháin speisialaithe. Is féidir gaistí méathrais a fheistiú i seomraí bia mura féidir iad a lonnú lasmuigh. Ba cheart draenacha clasáin a dhearadh chun rochtain ag lotnaidí a chosc ón bpríomhchóras draenála.	
9. Áiseanna chun athraithe do phearsanra le cur ar fáil, de réir mar is gá.	I ngach cás, ba cheart áis a chur ar fáil le ligean do láimhseálaithe a gcuid éadaí sráide agus a sealúchas pearsanta a athrú agus a stóráil. Tá sé seo tábhachtach don fhoireann agus do chuairteoirí. Nuair a bhíonn ar an bhfoireann éadaí cosanta a chaitheamh, ba cheart do leagan amach na seomraí chun athraithe, as a bhfuil bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach, achair chúrsaíochta ar leith a chur ar fáil don fhoireann atá in éadaí sráide agus foireann atá in éadaí cosanta. Nuair is éigeantach, ba cheart rochtain ar hallaí díolacháin a dhiúltú ag cliaint nach bhfuil éadaí cosanta orthu.	Ba cheart locair a chur ar fáil atá oiriúnach le héadaí lasmuigh agus sealúchas pearsanta a stóráil. Ba cheart seomraí locair a lonnú ionas gur féidir le pearsanra dul tríd agus iad ag teacht isteach nó ag imeacht as na seomraí bia. Ba cheart ionaid chun níocháin lámha a chur in achair locair.
10. Ná stóráiltear oibreáin ghlantacháin agus dhíghalraithe in achair ina mbíonn bia á láimhseáil.	Ba cheart na táirgí sin a stóráil i gcoimeádán inghlasáilte nó i stóras ar leith i bhfad ar shiúl ó áiteanna ina mbíonn bia á láimhseáil. Ba cheart é seo a chuimsiú isteach i ndearadh an fhoirgnimh, d'oibreoirí na ngnóthas bia agus do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola araon, nuair a bhíonn sé riachtanach na táirgí sin a úsáid.	Ba cheart áiseanna/seomraí stórála do tháirgí glantacháin a shainaithint le comharthaíocht chuí.

CAIBIDIL II: CEANGLAIS SHONRAITHE I SEOMRAÍ INA MBÍONN BIA Á ULLMHÚ, Á CHÓIREÁIL NÓ Á PHRÓISEÁIL (seachas achair phroinnte agus na háitreabh siúd arna shonrú i gCaibidil III)

Ceanglas dlíthiúil	**Treoir ar chomhlíonadh**	**Comhairle ar dhea-chleachtas**
1. ***I seomraí ina mbíonn bia á ullmhú, á chóireáil nó á phróiseáil (seachas achair phroinnte agus na háitreabh siúd arna shonrú i gCaibidil III ach lena n-áirítear seomraí i modhanna iompair) bítear dearadh agus leagan amach ligean do chleachtais dea-shláinteachais bhia, agus cosaint in aghaidh éillithe idir agus le linn oibríochtaí a chur san áireamh. Go hairithe:***	Ba cheart do bhainistíocht margaí mórdhíola ceanglais shonraithe a thabhairt san áireamh a chomhfhreagraíonn cineál an táirge atá i gceist.	Ba cheart go sonrófar sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus na gnóthais bhia cé atá freagrach as: - glanadh agus díghalrú, - cothabháil, - athnuachan.
(a) ***Déantar dromchlaí urláir a chothabháil i slacht maith agus soghlanta agus, más gá, so-dhíghalraithe. Beidh úsáid ábhar atá neamh-thréscaoilteach neamh-ionsúiteach in-nite neamhthocsaineach riachtanach ach amháin gur féidir le hoibreoirí gnóthas bia na húdaráis inniúla a shásamh***	Ba cheart do bhainistíocht margaí mórdhíola ábhair agus teicníocht a úsáid a chomhlíonann an rialachán sin. Ba cheart go mbeadh gach dromchla neamhscorrach. Is féidir ábhair mar thíleanna urláir, urlárach vinile sábháilteachta gan uaim, terrazzo, roisín eapocsach gránailteach, srl. a úsáid, ach i ngach cás ba cheart go mbeidís séalaithe go cruinn. Ba cheart urláir a dhearadh chun luí nó bailiú uisce a chosc. I gcás ina bhfuil doirteadh ollmhór ann nó fliúchghlanadh á úsáid, is féidir draenacha urláir a chur ar fáil. Ba cheart leibhéil an urláir titim i	Maidir le glanadh, is léir go bhfuil minicíocht an-ard glantóireachta agus díghalraithe riachtanach i roinnt cineálacha gníomhaíochtaí. Baineann sé sin go háirithe le hachair ullmhúcháin feola agus éisc. Ba cheart don sceideal glantacháin / díghalraithe, cibé acu faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola nó tríúpháirtí faoi chonradh, bheith scríofa agus na nithe mar a leanas istigh leis:

gur iomchuí na hábhair eile atá á n-úsáid. De réir mar is iomchuí, ba cheart d'urláir draenáil imleor an dromchla a ligean;	dtreo na ndraenacha urláir. Ba cheart go mbeadh draenacha clasáin glónraithe, ceirmeach nó comhdhéanta de chruach dhosmálta ann agus séalaí maithe ann idir iad féin agus dromchla an urláir. Is fearr clúdaigh na ndraenacha clasáin bheith comhdhéanta de chruach dhosmálta, séalaithe dúbailte agus boltáilte síos. Féadann gaistí méathrais agus gréisc feistithe chun páirteagail níos mó a ghabháil. Ba cheart na gaistí sin a fheistiú taobh amuigh de na seomraí sin. Ba cheart draenacha a dhearadh chun rochtain ag lotnaidí a chosc ón bpríomhchóras draenála	- Achar: sonraithe soiléire an achair lena ghlanadh/dhíghalrú, modhanna lena n-úsáid, caighdeáin fhoscríofa agus aon réamhchúram sláinte agus sábháilteachta a éilíonn gach aon cheann acu. - Minicíocht agus fad tréimhse an phróisis ghlantacháin/dhíghalraithe, atá comhfhreagrach don ghuais, do gach achar sonraithe. - Táirge agus ábhair le húsáid i ngach achar sonraithe lena n-áirítear sonraí ar neart an cheimiceáin, treoracha lena n-úsáid agus ar oiriúnacht lena n-úsáid le bia nó cóngarach dó. - Deimhniú agus taifeadadh ar mhinicíocht na feidhme agus ar éifeacht chaighdeán an ghlantacháin /an díghalraithe i ngach achar. - Freagrachtaí: taifead ag duine freagrach as glanadh/díghalrú a chomhlíonadh agus as an bpróiseas a sheiceáil. Ba cheart don bhainistíocht an sceideal glantacháin/díghalraithe a sheiceáil agus a chomhshíniú (féach sampla sceidil in Aguisín A) agus an fhoireann a spreagadh "glan mar a théann siad".
(b) ***Déantar dromchlaí ballaí a chothabháil i slacht maith agus soghlanta agus, más gá, so-***	Ba cheart go mbeadh cáilíocht a chomhlíonann an ceanglas sin i ndromchlaí na mballaí. lena n-áirítear plástar péinteáilte, roisín eapocsach, PVC, GRP agus leathánra comhchosúil eile, tíleanna	Féach tráchtanna luaite cheana in ailt I agus II (a) agus (b).

dhíghalraithe. Beidh úsáid ábhar atá neamh-thréscaoilteach neamh-ionsúiteach in-nite neamhthocsaineach riachtanach agus dromchla mín suas go dtí ard atá iomchuí do na hoibrithe ach amháin gur féidir le hoibreoirí gnóthas bia na húdaráis inniúla a shásamh gur iomchuí na hábhair eile atá á n-úsáid.	ceirmeacha, leathánra cruacha dosmálta agus plastisol, painéil inslithe, srl. Ba cheart dromchlaí damáiste nó briste a dheisiú nó a ionadú láithreach nó chomh luath agus is indéanta. Ba cheart pointí idir ballaí agus urláir agus uillinneacha ingearacha na mballaí a chlúdach (le múnlálacha cuasacha) agus a shéalú go héifeachtach le glantóireacht a éascú. Nuair a bhaintear úsáid as leathánra, ba cheart aire a thabhairt lena chinntiú go bhfuil na pointí séalaithe go héifeachtach. Ba cheart gach dromchla agus go háirithe uillinneacha ingearacha a chosaint in aghaidh damáiste fisicigh.	
(c) Bítear tógáil agus slacht na síleálacha (nó i gcás nach bhfuil síleálacha ann, dromchlaí inmheánacha an dín) agus feistiú lastuas chun bailiú salachair a chosc agus comhdhlúthúchán, fás múnla míchuibhiúil agus scaoileadh páirteagal a laghdú;	Ba cheart síleálacha a dhearadh le glanadh tréimhsiúil éifeachtach a ligean agus a chothabháil mar is ceart. Ba cheart go mbeadh gach dromchla inghlanta. Is iad na hábhair a chomhlíonann an ceanglas sin ná plástar péinteáilte, córais síleálacha seasta, síleálacha crochta, plastisol, agus painéil inslithe. Ní mholtar polaistiréin nó tíleanna snáithín mar go bhfuil siad deacair le séalú. Ba cheart obair chruacha oscailte a shéalú mar is cuí. Ba cheart go mbeadh rochtain ar gach síleáil chrochta le haghaidh monatóireachta ar lotnaidí. Féadtar go bhfuil tábhacht le rogha ábhair, dearadh na síleála agus airíonna an inslithe maidir le laghdú comhdhlúthúcháin. Tabharfaidh na hábhair thuasluaite dromchla inghlactha den chuid is mó, fad is go bhfuil slacht maith orthu. Ba cheart go mbeadh leor-aeráil in éineacht le húsáid cheart na n-ábhar ríthábhachtach le linn struchtúr a dhearadh.	Tráchtanna céanna atá luaite cheana in ailt I agus II (a). Ba cheart go mbeadh síleálacha agus feistiú lastuas faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe. Ba cheart go mbeadh dromchlaí péinteáilte ag cáilíocht den ghrádú bia. (Féach tráchtanna i gcaibidil I Uimh. 2 b) Ba cheart monatóireacht rialta a dhéanamh ar an áitreabh le haghaidh ligean, feistí scaoilte srl, le deiseanna tearmannaithe lotnaidí a chosc. Ba cheart cinntiú go ndéanann conraitheoir

	Ba cheart síleálacha a chothabháil go tréimhsiúil chun bailiú aon mhúnla nó aon pháirteagal nó bhruscarnach, ar féidir titim isteach sa bhia, a bhaint. Ba cheart aon fhás múnla a bhaint de réir mar is gá. Ba cheart réscaiptheoirí a fheistiú sna feistí soilse. Ba cheart leor-áiseanna cothabhála agus glantacháin a chur ar fáil nuair is gá. I seomraí ullmhúcháin bia, is fuinneoga seasta atá molta.	srianta lotnaidí athbhreithniú ar na háiteanna sin.
(d) ***Fuinneoga agus oscailtí eile le tógáil chun bailiú salachair a chosc. Iad siúd ar féidir oscailt don timpeallacht amuigh le feistiú, más gá, le scáileáin in aghaidh feithidí atá inbhainte lena nglanadh. I gcás a dtiocfadh éilliú as fuinneoga oscailte, tá ar fhuinneoga fanacht dúnta seasta le linn táirgthe;***	Ba cheart go mbeadh gach fuinneog oscailte in achair ullmhúcháin bhia leor-sciatha nuair atá siad ar oscailt le linn ullmhúcháin bhia. Tá an sciathadh sin riachtanach chun riosca inmhíolaithe agus/nó éillithe a chosc. Ba cheart go mbeadh sciatha comhdhéanta d'ábhair inbhuanaithe oiriúnacha, go hidéalach frámaí plaisteacha nó alúmanaim agus mogall plaisteach nó cruacha dosmálta orthu. Má tharlaíonn go mbailítear salachar/bruscarnach ar na scáileáin in aghaidh feithidí, féadtar riosca ar thruailliú bia bheith ann agus ba cheart go mbeadh na scáileáin inbogtha lena nglanadh.	Féach tráchtanna atá luaite cheana in ailt I agus II (a). Ba cheart go mbeadh scáileáin in aghaidh feithidí faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe. Ba cheart fuinneoga gloine in achair phróiseála agus phacála a chosaint in aghaidh bhriseadh gloine.
(e) ***Doirse le bheith soghlanta agus, más gá, so-dhíghalraithe. Beidh úsáid dromchlaí míne neamh-ionsúiteach riachtanach ach amháin gur féidir le hoibreoirí gnóthas bia na húdaráis inniúla a shásamh gur iomchuí na hábhair eile atá á n-úsáid.***	Aon doras lena mbíonn foireann a láimhseálann bia oscailte i dteagmháil, ba cheart go mbeadh sé inghlanta agus in-díghalraithe go héasca. Baineann sé sin le troscán an dorais freisin, mar mhéarphlátaí agus hanlaí. Ba cheart go mbeadh dearadh réidh sna doirse chun cearnaí agus múnlaí, a bheadh ag bailiú salachair, a sheachaint. Is fearr luascdhoirse, nach bhfuil déanta i PVC nó ábhar dílsithe comhchosúil, a fheistiú le brúphailléid nó cicphlátaí in ionad hanlaí. Lena n-áirítear sna sleachta doirse a chomhlíonann an ceanglas sin	Tráchtanna céanna atá luaite cheana in ailt I agus II (a). Ba cheart go mbeadh doirse faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe. Ba cheart go mbeadh dromchlaí oiriúnacha, neamh-thréscaoilteacha soghlanta ar na doirse agus slacht maith a choinneáil orthu. Ba cheart measúnacht chúramach a dhéanamh ar

	ná adhmad péinteáilte, miotal péinteáilte, plaisteach agus PVC. Ceadaítear adhmad atá clúdaithe le hábhar neamh-thréscaoilteach oiriúnach freisin mar PVC, GRP, agus leathánra comhchosúil eile. Ní chomhlíonann adhmad neamhséalaithe leis. Ní mholtar adhmad vearnaisaithe. Ba cheart fráma an dorais a thógáil leis an slacht cuí, is é sin, mín neamh-ionsúiteach riachtanach. Má tá painéil radhairc sna doirse, ba cheart go mbeadh ábhar dobhriste iontu. Ba cheart gloine, nuair atá in úsáid, a righniú. Má tá cumhdach á úsáid, ba cheart é a shéalú i gceart don dromchla chun éilliú a chosc.	úsáid gach ábhair agus sleachta maidir le hoiriúnacht a gcuid feidhmiúlachta teicniúla don chuspóir lena mbaineann.
(f) ***Déantar dromchlaí (lena n-áirítear dromchlaí trealaimh) in áiteanna a bhfuil bia á láimhseáil, agus go háirithe iad siúd atá i dteagmháil le bia, a chothabháil i slacht maith agus soghlanta agus, más gá, so-dhíghalraithe. Beidh úsáid ábhar atá mín soghlanta, frithchreimneach neamhthocsaineach, ach amháin gur féidir le hoibreoirí gnóthas bia na húdaráis inniúla a shásamh gur iomchuí na hábhair eile atá á n-úsáid.***	Baineann an rialachán seo le dromchlaí ullmhúcháin bhia agus trealamh a théann i dteagmháil le bia. Is gnáth gur leis an tionónta an trealamh príobháideach seo. Ní bheidh bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as an gcineál trealaimh atá suiteáilte nó as na dromchlaí nó codanna den trealamh a théann i dteagmháil le bia ach amháin nuair atá sé leagtha síos go sonrach.	Lena n-áirítear sna dromchlaí a chomhlíonann an ceanglas sin ná cruach dhosmálta, plaistigh agus ceireamaic den ghrádú bia. Ba cheart gan plaistigh mar pholapróipiléin a ligean scríobtha nó smiota, sa dóigh is nach féidir iad a ghlanadh ná a dhíghalrú go héifeachtach. Ba cheart gan adhmad neamhshéalaithe a úsáid ar aon fheidhm (ach amháin do chláir mhionghearrtha ar féidir glanadh go héifeachtach). Ba cheart go mbeadh dromchlaí (lena n-áirítear dromchlaí trealaimh) in achair a bhfuil bia á láimhseáil, agus go háirithe iad siúd atá i

		dteagmháil le bia, faoi réir bheart glantóireachta/ díghalraithe. Ba cheart go mbeadh an sceideal glantacháin / díghalraithe, i bhfoirm scríofa agus na nithe mar a leanas istigh leis: - sonraithe soiléire an achair lena ghlanadh/dhíghalrú, - táirge agus ábhair lena n-úsáid i ngach achar sonraithe lena n-áirítear sonraí ar neart an cheimiceáin, - treoracha lena n-úsáid, - ar oiriúnacht lena n-úsáid le bia - minicíocht agus fad tréimhse na gclár glantachán agus díghalraithe, - modh agus caighdeán atá riachtanach, - deimhniú ar éifeachtacht agus ar mhinicíocht an ghlantacháin, atá comhfhreagrach don riosca, - aon réamhchúram sláinte agus sábháilteachta, - cé atá freagrach as glanadh, - cé atá freagrach as seiceáil, Má tharlaíonn go bhfuil conradh glantacháin tugtha do thríúpháirtí, tá sé ríthábhachtach go bhfuil na ceanglais thuasluaite ionchorpraithe ann. Ba cheart don bhainistíocht an sceideal/glantacháin agus díghalraithe a sheiceáil agus a chomhshíniú (féach sampla sceidil in Aguisín A) agus an fhoireann a spreagadh “glan mar a théann siad”.

2. ***Leor-áiseanna le cur ar fáil, mar is gá, le hacraí agus trealamh a ghlanadh, a dhíghalrú agus a stóráil. Tá ar na háiseanna sin a dhéanamh as ábhair frithchreimneacha, soghlanta agus soláthar uisce fuar agus te a bheith ann.***	Mar atá luaite san alt roimhe, is le gnóthais bhia an réadmhaoin phríobháideach trealaimh agus acraí de ghnáth. Ach tá bainistíocht margaí mórdhíola freagrach as áiseanna doirtil áfach. Sa chás sin, moltar cruach dhosmálta . Tá comhbhuacaire singil inghlactha nó uisce soláthraithe ag teocht rialaithe as soláthar uisce píopaithe nó as aonad téimh. I gcásanna áirithe féadann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola steirileoirí acraí a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh an trealamh seo inbhuanaithe agus frithchreimneach.	Bíonn an gnóthas bia freagrach as prótacail ghlantacháin ach amháin go bhfuil sé sonraithe sa chonradh nó i Rialacháin an Mhargaidh iad féin go bhfuil an fhreagracht ar bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola. Ba cheart don sceideal glantacháin / díghalraithe, cíbe acu faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola nó tríúpháirtí faoi chonradh, bheith scríofa agus na nithe mar a leanas istigh leis: - **<u>Achar</u>:** sonraithe soiléire an achair lena ghlanadh/dhíghalrú, modhanna lena n-úsáid, caighdeáin fhoscríofa agus aon réamhchúram sláinte agus sábháilteachta a éilítear i dtaca le gach aon cheann acu. - **<u>Minicíocht agus fad tréimhse</u>** an phróisis ghlantacháin/dhíghalraithe, atá comhfhreagrach don riosca, do gach achar sonraithe. - **<u>Táirge agus ábhair le húsáid</u>** i ngach achar sonraithe lena n-áirítear sonraí ar neart an cheimiceáin, treoracha lena n-úsáid agus ar oiriúnacht lena n-úsáid le bia nó cóngarach dó. - **D<u>eimhniú agus taifeadadh</u>** ar mhinicíocht na feidhme agus ar éifeacht chaighdeán an ghlantacháin /an díghalraithe i ngach achar. - **<u>Freagrachtaí</u>:** taifead ag duine freagrach as glanadh/díghalrú a chomhlíonadh agus as an

		bpróiseas a sheiceáil. Ba cheart áiseanna a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil chun riosca éilliú earraí a chosc.
Áiseanna chun bia a ní le cur ar fáil, de réir mar is gá. Soláthar imleor uisce te agus/nó fuar inólta le cur ar fáil do gach doirteal nó áis eile, atá curtha ar fáil chun bia a ní, de réir cheanglais Chaibidil VII agus é a ghlanadh agus, más gá, a dhíghalrú.	Ba cheart doirtil ar leith a chur ar fáil chun bia a ullmhú agus chun trealamh a ní. In oibríochtaí beaga, is féidir doirteal amháin a úsáid do threalamh agus don bhia fad is a dhéantar an dá imeacht go héifeachtach agus gan dochar a dhéanamh ar shábháilteacht an bhia (ba cheart an doirteal a sciomradh agus a dhíghalrú roimh úsáid a bhaint as chun bia a ullmhú). Tá comhbhuacaire singil inghlactha nó uisce soláthraithe ag teocht rialaithe as soláthar uisce píopaithe nó as aonad téimh.	Ba cheart go mbeadh doirtil níocháin faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe.

CAIBIDIL V: CEANGLAIS MAIDIR LE TREALAMH

Ceanglas dlíthiúil	Treoir ar chomhlíonadh	Comhairle ar dhea-chleachtas
1. Gach earra, feistiú agus trealamh a théann i dteagmháil le bia, ní mór:	Ní bhíonn bainistíocht an mhargaidh freagrach as a leithid de threalamh sin de ghnáth.	Bíonn na gnóthais bhia sa mhargadh freagrach as an trealamh seo go ginearálta.
(a) ***Iad a ghlanadh go héifeachtach agus más gá, a dhíghalrú Glanadh agus díghalrú a dhéanamh ag tréimhsí imleora chun aon riosca ar thruailliú a chosc;***	I gcás freagrachta i dtrealamh mar atá luaite sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus gnóthais bhia eile, baineann comhairle sa cholún ar dheis leo.	Ba cheart go mbeadh gach trealamh ábhartha faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe. Braitheann minicíocht glantacháin agus díghalraithe ar méid an riosca lena mbaineann.
(b) Iad a dhéanamh, as ábhair agus a choinneáil in ord agus slacht maith chun riosca éillithe a laghdú;		Ba cheart don sceideal glantacháin / díghalraithe, cíbe acu faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola nó tríúpháirtí faoi chonradh, bheith scríofa agus na nithe mar a leanas istigh leis: - **<u>Achar</u>:** sonraithe soiléire an achair lena ghlanadh/dhíghalrú, modhanna lena n-úsáid, caighdeáin fhoscríofa agus aon réamhchúram sláinte agus sábháilteachta a éilíonn gach aon cheann acu. - **<u>Minicíocht agus fad tréimhse</u>** an phróisis ghlantacháin/dhíghalraithe, atá comhfhreagrach don riosca, do gach achar sonraithe. - **<u>Táirge agus Ábhair le húsáid</u>** i ngach achar sonraithe lena n-áirítear sonraí ar neart an cheimiceáin, treoracha lena n-úsáid agus ar
(c) Seachas coimeádáin neamh-in-aischurtha agus pacáil, iad a dhéanamh, as ábhair agus a choinneáil in ord agus slacht maith chun iad a ghlanadh, agus más gá, a dhíghalrú; agus		
(d) ***Iad a shuiteáil i ndóigh chun leorghlanadh an trealaimh agus timpeall air a ligean.***		

		oiriúnacht lena n-úsáid le bia nó cóngarach dó. - **<u>Deimhniú agus taifeadadh</u>** ar mhinicíocht na feidhme agus ar éifeacht chaighdeán an ghlantacháin /an díghalraithe i ngach achar. - **<u>Freagrachtaí</u>:** taifead ag duine freagrach as glanadh/díghalrú a chomhlíonadh agus as an bpróiseas a sheiceáil. Ba cheart don bhainistíocht an sceideal/glantacháin agus díghalraithe a sheiceáil agus a chomhshíniú (féach sampla sceidil in Aguisín A) agus an fhoireann a spreagadh "glan mar a théann siad". Ba cheart trealamh a chuimsiú isteach sna sceidil chothabhála.
2. De réir mar is riachtanach, trealamh le feistiú le haon ghléas rialaithe chun comhlíonadh chuspóirí an Rialacháin seo a chinntiú.	Ní bhíonn bainistíocht an mhargaidh freagrach as a leithid de threalamh sin de ghnáth.	Bíonn na gnóthais bhia sa mhargadh freagrach as an trealamh seo go ginearálta.
3. I gcás ina gcaithfear breiseáin cheimiceacha a úsáid chun creimneach na dtrealamh agus na gcoimeádán a chosc, ní mór iad a úsáid de réir dea-chleachtais.	Ní bhíonn bainistíocht an mhargaidh freagrach as a leithid de threalamh sin de ghnáth.	Bíonn na gnóthais bhia sa mhargadh freagrach as an trealamh seo go ginearálta.

CAIBIDIL VI: DRAMHBHIANNA

Ceanglas dlíthiúil	Treoir ar chomhlíonadh	Comhairle ar dhea-chleachtas
1. Bogtar dramhbhianna, fotháirgí do-ite agus bruscar ó sheomraí ina mbíonn bia i láthair chomh luath agus is féidir, lena mbailiú a chosc.	Tá baint dhíreach ag bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola le bruscar atá i láthair in achair phoiblí. Chuige sin, ba cheart coimeádáin bhruscair a shuiteáil in áiteanna straitéiseacha sa mhargadh agus iad marcáilte go cuí ag léiriú a n-úsáide "*dramhbhianna seachas bia ainmhithe*" nó "bruscar" amháin. Tá bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach, go ginearálta, as áiseanna a chur ar fáil chun dramhbhianna agus bruscar eile a ghintear in achair phríobháideacha a bhaint. Tá gnóthais bhia freagrach go díreach le dramhbhianna ainmhithe a dhéanann siadsan. In aon chás, ní mór gan bruscar agus/nó dramhaíl a stóráil ar aon dóigh a meallfadh lotnaidí [féach Caibidil I.2(c)]. Maidir le dramhaíl seachas dramhbhianna ainmhithe, ba cheart na nithe mar seo a leanas a shonrú sa chonradh idir ghnóthais bhia agus bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola: - conas dramhbhianna a bhailiú (go díreach ó na gnóthais bhia, ó phointí bailiúcháin lárnacha sonraithe srl); - ainm an úinéara i gcás ina mbíonn cineálacha coimeádán sonraithe á n-úsáid; - cé a sholáthraíonn na coimeádáin; - cé a ghlanann agus a dhíghalraíonn na coimeádáin; - i gcás bailiúcháin dramhaíola sonraithe, modh agus bailiúchán agus dath na gcoimeádán le húsáid, móide minicíocht agus	Ba cheart dramhbhianna ainmhithe agus cineálacha eile dramhaíola a dhiúscairt i gcoimeádáin ar leith. De réir na rialachán reatha, tá oibreoir an ghnóthais bhia go díreach freagrach as dramhbhianna ainmhithe. Ba cheart go ndéanfadh oibreoir an ghnóthais bhia dramhbhianna ainmhithe a dhiúscairt i gcoimeádáin ar leith agus iad a bhaint de réir mar is cuí, ach uair sa lá ar a laghad. Ba cheart go ndéileálfadh oibreoir an ghnóthais bhia le baint dramhbhianna ainmhithe ag úsáid cuideachtaí speisialaithe. Ba cheart don sceideal glantacháin / díghalraithe, cibe acu faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola nó tríúpháirtí faoi chonradh, bheith scríofa agus na nithe mar a leanas istigh leis: - **Achar:** sonraithe soiléire an achair lena ghlanadh/dhíghalrú, modhanna lena n-úsáid, caighdeáin fhoscríofa agus aon réamhchúram sláinte agus sábháilteachta a éilíonn gach aon cheann acu. - **Minicíocht agus fad tréimhse** an phróisis

	uaireanta bailiúcháin; - conas costas na gníomhaíochta sin a dháileadh idir gnóthais bhia agus bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola.	ghlantacháin/dhíghalraithe, atá comhfhreagrach don riosca, do gach achar sonraithe. - **Táirge agus Ábhair le húsáid** i ngach achar sonraithe lena n-áirítear sonraí ar neart an cheimiceáin, treoracha lena n-úsáid agus ar oiriúnacht lena n-úsáid le bia nó cóngarach dó. - **Deimhniú agus taifeadadh** ar mhinicíocht na feidhme agus ar éifeacht chaighdeán an ghlantacháin /an díghalraithe i ngach achar. - Freagrachtaí: taifead ag duine freagrach as glanadh/díghalrú a chomhlíonadh agus as an bpróiseas a sheiceáil.
2. ***Diúscraítear dramhbhianna, fotháirgí do-ite agus bruscar i gcoimeádáin indúnta, ach amháin gur féidir le hoibreoirí gnóthas bia taispeáint don údarás inniúla gur iomchuí na coimeádáin ná córais diúscartha eile. Déantar na coimeádáin seo a thógáil agus a chothabháil i slacht maith agus soghlanta agus, más gá, so-dhíghalraithe.***	Ba cheart gan bruscar agus/nó dramhaíl a stóráil ar dhóigh a meallfadh lotnaidí. Dromchlaí inmheánacha agus seachtracha na gcoimeádán dodhiúscartha, ba cheart go mbeadh siad in-nite agus slacht maith orthu. Do na gnóthais nach ndéanann ach dramhaíl thirim mar phacáistiú, níl sé riachtanach na coimeádáin dramhaíola a dhúnadh. I gcás nach bhfuil múnlach ceangailte go díreach le príomhchórais dhraenála, ní foláir umair choinneála a úsáid (ba cheart coimeádáin dramhaíola agus umair dhramhaíola a mharcáil amhlaidh). I ngach cás, ba cheart leorchéimeanna a ghlacadh gan an timpeallacht a thruailliú.	Déanann líneálacha plaisteacha baint bruscar agus glanadh araidí níos éasca. Nuair a bhaintear bruscar chuig achar stórála lárnach, ba cheart malaí plaisteacha a chur i gcoimeádáin dúnta in aghaidh creimirí agus éan. I gcás ina mbíonn bia oscailte á láimhseáil, seachas torthaí agus glasraí iomláine, ba cheart go mbeadh cláir ghlúinoibrithe nó úillínoibrithe ar na haraidí.

3. ***Soláthar imleor a dhéanamh chun dramhbhianna, fotháirgí do-ite agus bruscar eile a stóráil agus a dhiúscairt. Stórais bhruscair a dhearadh agus a bhainistiú sa dóigh is go mbeidís coimeádta glan agus, más gá, saor ó ainmhithe agus lotnaidí***	Nuair a chuireann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola stórais dramhaíola lárnacha ar fáil ba cheart: - iad a choinneáil glan slachtmhar agus níochán reatha na n-oscailtí chuig sleamhnáin agus áiteanna thart ar shleamhnáin, scibeanna, araidí, agus dromchlaí agus trealaimh eile; - bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh orthu ar dhóigh a gcinntíonn go bhfuil siad coimeádta glan agus gan mí-úsáid a bhaint astu; - iad a choinneáil saor ó lotnaidí mar chreimirí, éin, carnabhóirí, artrapóid, srl. Ní foláir araidí a choinneáil dúnta agus achair dlúthaithe a scaradh go fisiceach ó áiteanna a mbíonn bia á stóráil nó á ullmhú iontu. Ba cheart aon chóiríocht a chosaint in aghaidh rochtana ag lotnaidí. Ba cheart ghlantachán reatha a dhéanamh.	Ba cheart go mbeadh stórais dramhaíola lárnacha faoi réir bheart glantóireachta/díghalraithe. (Féach tráchtanna i gcaibidil I Uimh. 1 Glanadh)
4. Gach dramhaíl a dhiúscairt ar dhóigh shláinteach agus neamhdhíobhálach don timpeallacht de réir Reachtaíocht an Chomhphobail lena mbaineann, agus gan foinse dhíreach nó neamhdhíreach éillithe a dhéanamh. .	Ba cheart do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola, agus í freagrach as diúscairt dramhaíola, gach réamhchúram is féidir a dhéanamh chun riosca éillithe don timpeallacht a theorannú. Is fearr athchúrsáil dramhaíola (cairtchlár, boscaí cláir, pailléid, múirín dramhghlasraí srl) ná dóchán nuair is indéanta. Nuair a dhóitear dramhaíl ar an láithreán, ba cheart reachtaíocht an chomhphobail a chomhlíonadh maidir le hastuithe gásacha. Ba cheart gan múnlach a chur go díreach isteach sa phríomhchórais dhraenála gan réamhaontú an údaráis ábhartha.	

CAIBIDIL VII: SOLÁTHAR UISCE

Ceanglas dlíthiúil	Treoir ar chomhlíonadh	Comhairle ar dhea-chleachtas
1. Soláthar imleor uisce inólta le húsáid nuair is gá lena chinntiú nach bhfuil earraí bia éillithe; ***b) Is féidir uisce glan a úsáid le táirgí iascaigh iomláine. Is féidir uisce farraige a úsáid le moilisc dhébhlaosacha, eicíndeirmeacha, tunicates agus gastrapóid na farraige atá beo. Nuair a bhaintear úsáid as an uisce sin, cuirtear áiseanna imleora ar fáil lena sholáthar.***	Nuair a bhíonn bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as soláthar uisce do ghnóthais bhia, ba cheart aire a thabhairt le cinntiú go bhfuil uisce inólta ar fáil. Ba cheart monatóireacht reatha a dhéanamh ar cháilíocht an uisce, le seiceáil go gcomhlíonann an t-uisce, a chuirtear ar fáil do ghnóthais bhia, ceanglais Rialachán 98/83/CE. Ba cheart uisce inólta a úsáid le: - lámha a ní; - bia a ní, más gá; - cur isteach i mbia agus i ndeochanna; - bia a dhéanamh; - trealamh bia a ghlanadh; - dromchlaí a bhíonn i dteagmháil le bia nó lámha na láimhseálaithe bia a ghlanadh - aon oibríocht eile ina mbíonn riosca le hearraí bia a thruailliú. Bíodh a fhios agat gur trí mhaolú, is féidir uisce glan a úsáid do tháirgí iascaigh iomláine go dtí 31 Nollaig 2009 (Rialachán (CE) Uimh. 2076/2005 ag leagan socruithe idirthréimhseacha síos. Den chuid is mó, ní bhíonn baint ag bainistíocht na margaí mórdhíola le gnóthais bhia a oibríonn le huisce farraige.	Cé go nglactar leis go soláthraíonn gach cuideachta uisce uisce inólta mar atá sonraithe i Rialachán ón gComhairle 98/83/CE, dea-chleachtas atá ann lena chinntiú, go ndéanann saotharlann fhaofa cáilíocht an uisce a thástáil gach bliain. Is féidir gur gá inóltacht a thástáil níos minice i gcás ina ndearnadh cur isteach nó athruithe ar an soláthar. Ba cheart samplaí a ghlacadh ag áiteanna sonraithe de réir thábhachtach an tsoláthair uisce agus ar dhóigh a léiríonn cáilíocht an uisce atá caite le linn na bliana. Nuair a bhíonn bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagrach as, ba cheart clár cothabhála iomchuí a leagan síos le cinntiú go mbíonn téamh uisce agus córais chomhbhuacairí á gcothabháil i gceart. I gcás ina mbaintear úsáid as bogthóirí uisce agus /nó scagairí uisce, ba cheart monatóireacht agus cothabháil reatha a dhéanamh de réir treoracha an déantóra, lena n-áirítear athrú scagairí.

2. ***I gcás ina mbaintear úsáid as uisce do-ólta, mar shampla, le dóiteán tinte, gal a dhéanamh, cuisniú nó cuspóirí comhchosúla eile, tá air sruthú i gcóras ar leith eile agus aitheanta amhlaidh. Ná ceangal uisce do-ólta le córais uisce inólta, ná aife a ligean isteach iontu.***	Ba cheart soláthair uisce do-ólta chuig achair ullmhúcháin bhia a chosc. Feidhmeanna áirithe ar féidir úsáid a bhaint as uisce do-ólta mar phíobáin dóiteáin nó córais aisréadóirí, ní mór iad a shainmharcáil amhlaidh. Moltar cóid daite a úsáid chun córais uisce inólta agus do-ólta a shainaithint.	I gcás ina mbaintear úsáid as an bpríomhlíonra uisce le haghaidh seirbhísí glantacháin agus coimhdeacha, mar chórais aisréadóirí, phíobáin dóiteáin, srl, ba cheart comhla do-fhillte a fheistiú ar na córais sin lena chinntiú nach bhfilleann an t-uisce ar ais. Ba cheart comharthaí oiriúnacha a léiríonn teorann úsáide a chur suas go soiléir.
3. ***Ná húsáid uisce athchúrsáilte i bpróiseáil nó mar ábhar i ndóigh a mbeadh riosca éillithe ann. Caighdeán céanna uisce inólta ba cheart bheith ann, ach amháin go bhfuil an t-údarás inniúil sásta nach gcuirfidh cáilíocht an uisce isteach ar fholláine an earra bhia ina fhoirm críochnaithe.***	I gcás ina mbaineann oibreoirí na ngnóthas bia úsáid as uisce athchúrsáilte, ba cheart do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola sonrú go bhfuil an t-uisce sin faoi fhreagracht iomlán na ngnóthas bia lena mbaineann. I ngach cás, ba cheart nach féidir uisce athchúrsáilte a cheangal leis an bpríomhlíonra uisce.	Cé go nglactar leis go bhfuil an t-uisce sin den cháilíocht inólta, uisce athchúrsáilte a mbaintear úsáid as le haghaidh próiseála nó mar ábhar, bíonn sé luchtaithe le heilimintí bitheolaíochta, ceimiceacha agus fisiceacha, agus méadóidh tiúchan dóibh le himeacht ama. Ní mór do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola aire ar leith a thabhairt nuair atá an t-uisce sin le cur isteach sa chóras camrais mar is truailleán féidearthacht é. Dá réir sin, ba cheart do na gnóthais bhia an dramhuisce sin a chóireáil ag a gcostas féin sula gcuirtear isteach sa chóras camrais é. Mura féidir an chóireáil seo a dhéanamh, ba cheart táille a ghearradh as an truailliú breise a rinneadh. Ba cheart go mbeadh na pointí seo sonraithe sa chonradh idir bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola agus oibreoir an ghnóthais bhia.

4. ***Oighear a bheas i dteagmháil le bia nó ar féidir leis bia a thruailliú, ní mór é a dhéanamh as uisce inólta, nó uisce glan nuair a bhaintear úsáid as chun táirgí iascaigh a fhuarú. Déantar, láimhseáiltear agus stóráiltear faoi choinníollacha a chosnaíonn in aghaidh éillithe.***	Ciallaíonn sé sin gur ceart oighear a dhéanamh as uisce inólta. Ní bhíonn baint dhíreach ag bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola le déanamh oighir, ach má dhéantar oighear ar an mhargadh, ba cheart rochtain ar uisce inólta a thabhairt.	I gcás ina ndéantar oighear ar an mhargadh, ba cheart do bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola cinntiú go gcomhlíonann an próiseas déantúsaíochta na rialacháin ábhartha go léir. Moltar comhaontú oifigiúil a leagan síos lena chomhlíonadh sin a chinntiú.
5. Ná cuir aon ábhar isteach i ngal a bhíonn á úsáid go díreach i dteagmháil le bia, ábhar a chuirfidh sláinte i mbaol nó a dhéanfaidh an bia a éilliú.	I gcás inar féidir le gal, de ghnáth as trealamh glantacháin, teagmháil a dhéanamh le bia, ba cheart dó bheith déanta as uisce inólta (féach alt 1).	
6. I gcás ina mbíonn cóireáil teasa i bhfeidhm le hearraí bia i gcoimeádáin leáshéalaithe, cinntigh nach foinse éillithe don earra bia é an t-uisce a úsáidtear chun na coimeádáin a fhuarú i ndiaidh cóireála teasa.	Ba cheart go mbeadh cáilíocht inólta san uisce a úsáidtear le hearraí bia a théamh nó a fhuarú i gcoimeádáin séalaithe (féach alt 1).	

CAIBIDIL VIII: SLÁINTEACHAS PEARSANTA

Ceanglas dlíthiúil	Treoir ar chomhlíonadh	Comhairle ar dhea-chleachtas
1. Gach duine a oibríonn in áit ina láimhseáiltear bia, tá orthu ardleibhéal glantachais pearsanta a choinneáil agus éadaí oiriúnacha, glana agus más gá, cosanta a chaitheamh.	Ní bhíonn ar fhostaithe nó ar chonraitheoirí de chuid bhainistíocht na margaí mórdhíola bia a láimhseáil de ghnáth. De bhrí nach mbíonn teagmháil fhisiceach idir na daoine sin agus an bia nó an pacáistiú, ní bhaineann na rialacháin atá sonrach do láimhseálaithe bia leo dá réir. De bhrí go mbíonn orthu dul isteach áitribh agus iad ar dualgas, ba cheart bunrialacha a chur i bhfeidhm maidir le sláinteachas pearsanta, cíbe táirgí atá i gceist; - Éadaí glana a chaitheamh; - Staonadh ó chleachtais neamhshláinteacha, lena n-airítear caitheamh tobac, ag ithe nó ag ól. In áitribh ina mbíonn ardghuais sláintíochta iontu, is é sin, áiteanna ina mbíonn táirgí ainmhithe á láimhseáil, ba cheart éadaí agus hataí cosanta a chaitheamh i gcomhlíonadh leis na rialacháin sonraithe a bhaineann leis na táirgí sin. Ba cheart éadaí agus hataí cosanta a ní go rialta.	Ba cheart go mbeadh beartas sláinteachais agus/ nó rialacha sláinteachais ann agus go mbeadh siad ar eolas ag gach ball foirne agus go dtuigfidís iad. Ba cheart rialacha a fhógairt go soiléir lena cinntiú go bhfuil siad mar bhuanmheabhrúchán don fhoireann. Ba cheart comharthaí níocháin lámha a fhógairt go soiléir lena cinntiú go bhfuil siad mar bhuanmheabhrúchán don fhoireann. Ba cheart áiseanna le hithe agus le hól a chur ar fáil.

2. Ná ceadaigh d'aon duine a mbíonn tinnis nó galar orthu nó iompróir galair ar féidir tarchur trí bhia , nó a bhfuil cneácha galracha, galair chraicinn, nimhneacha nó buinneach orthu, ná ceadaigh dóibh bia a láimhseáil ná hiontráil isteach ar achar ullmhúcháin bhia in aon cheapaíocht má tá aon fhéidearthacht éillithe ann, idir díreach nó indíreach. Aon duine atá ceisneamh amhlaidh agus atá fostaithe i ngnóthas bia agus más dócha go mbeidh siad i dteagmháil le bia, ní mór dóibh an tinneas nó na comharthaí agus, más féidir na cúiseanna, a thuairisciú d'oibreoir an ghnóthais bhia.	Tá sé riachtanach go gcinnteoidh bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola go bhfuil beartas soiléir ann maidir le galar aitheanta nó amhrasach ar an fhoireann nó ar a cuid conraitheoirí ar féidir go mbeadh éilliú micribhitheolaíochta ann mar thorthaí as. Más dócha le haon duine a théann isteach in áitribh ina bhfuil bia á láimhseáil, ní mór dóibh tinnis nó coinníollacha áirithe a thuairisciú má tá aon fhéidearthacht thruailliú bia ann	

CAIBIDIL XII: OILIÚINT

Ceanglas dlíthiúil	Treoir ar chomhlíonadh	Comhairle ar dhea-chleachtas
Tá ar oibreoirí na ngnóthas bia cinntiú: ***1. Go ndéantar maoirseacht ar láimhseálaithe bia agus go gcuirtear faoi oiliúint iad agus / nó oilte i gcúrsaí sláinteachais bhia a bhaineann lena ngníomhaíocht.*** ***2. Iad siúd atá freagrach as forbairt agus cothabháil an nóis imeachta arna dtagairt in Alt 5(1) an Rialacháin seo nó freagrach as oibríocht na dtreoirleabhar ábhartha, go gcuirtear faoi oiliúint iomchuí iad maidir le feidhmiú phrionsabail AGPRC; agus* 3. ***Comhlíonadh le haon cheanglais dhlí náisiúnta a***	Ní bhíonn ar fhostaithe nó ar chonraitheoirí de chuid bhainistíocht na margaí mórdhíola bia a láimhseáil de ghnáth. Ní bhaineann na ceanglais dhlíthiúla seo go díreach leis na daoine sin dá réir. Ba cheart dóibh, áfach, tuiscint go bhfuil siad ag obair in áitreabh atá ag déileáil le táirgí úra agus gur féidir lena gcuid gníomhaíochtaí cur isteach ar shábháilteacht bhia. Ba cheart treoracha ar shláinteachas a thabhairt do gach fostaí de réir mar a bhaineann lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart do na treoracha sin guaiseacha bia agus na bearta rialaithe atá aitheanta ag anailís ghuaise a ngníomhaíochtaí oibre a chuimsiú. Ba cheart na treoracha sin a thabhairt sula ndéantar na gníomhaíochtaí oibre agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh orthu mar thoradh ar aon athrú i gcleachtais an phoist. Braitheann riachtanas ar oiliúint céimnithe ar riosca ar shábháilteacht an bhia agus ba cheart fadhb an ardráta athraithe lucht oibre a thabhairt san áireamh. Ba cheart faisnéis ghinearálta faoi chóras forbartha AGPRC a thabhairt do gach fostaí agus cúrsa speisialta a thabhairt dóibh siúd a bhaineann le cur i bhfeidhm an mhodha seo. Níl sé riachtanach go soláthróidh comhlacht oiliúna creidiúnaithe an oiliúint, ach ba cheart caighdeán iomchuí a	Dea-chleachtas atá ann ionduchtú agus treoracha a bhaineann leis an bpost a thabhairt do láimhseálaithe neamh-bhia, a oibríonn in áitribh bhia ar ghníomhaíochtaí glantacháin nó ar ghníomhaíochtaí tacaíochta eile (is é sin conraitheoirí seachtracha). Ba cheart don treorú díriú isteach ar an dóigh ar féidir lena ngníomhaíochtaí agus lena sláinteachas pearsanta cur isteach ar shábháilteacht bhia. Ba cheart measúnacht a dhéanamh go rialta ar eolas lena chinntiú go dtuigtear na treoracha. Ba cheart go mbeadh míniú, nuair is féidir, ar an bhfáth a mbíonn bearta riachtanach agus conas a chinntíonn siad sábháilteacht bhia. Is féidir go ndéanfaidh sé sin comhlíonadh a spreagadh trí thuiscint ar riachtanas bia a chosaint in aghaidh éillithe díobhálacha, ar thomhaltóirí a chosaint agus ar leathadh galar a chosc. Tá sé seo tábhachtach maidir le lucht oibre fánach nó sealadach nach bhfuil oilte go rialta.

bhaineann le cláir oiliúna do dhaoine a oibríonn in earnálacha bia áirithe.	bheith ann. Is féidir í a eagrú go hinmheánach, trí chianfhoghlaim nó trí eagraíocht oiliúna seachtracha agus ní mór í a athdhéanamh ar eatraimh reatha de réir mar is iomchuí. Tugann oiliúint tuiscint níos fearr ar an dóigh ar féidir bia a thruailliú, agus ar conas tinneas bia-iompartha a chosc trí nósanna imeachta chuí um láimhseáil bhia. Dea-chleachtas is ea don ghnóthas beart oiliúna bheith ann chun riachtanais oiliúna a shainaithint do gach ball den fhoireann Dea-chleachtas is ea freisin taifid a choimeád ar oiliúint atá comhlíonta ag gach baill den fhoireann. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna ar bhonn reatha agus ba cheart iad a mheas de réir ról agus freagrachtaí, scileanna atá ann faoi láthair, taithí agus iaroiliúint na foirne.	Ba cheart oiliúint a athdhéanamh ar eatraimh oiriúnacha nó a mhíniú de réir mar is gá, mar atá aitheanta trí bhreathnóireacht agus maoirseacht. Tá oiliúint dírithe ar chinntiú go dtuigeann na baill aonair an fáth a bhfuil réamhchúraimí áirithe riachtanach. Dea-chleachtas atá ann, dá réir, an lucht oibre a chur faoi oiliúint i bprionsabail maidir le sábháilteacht bhia a bhaineann lena bpost, chun méid na maoirseachta atá de dhíth a laghdú. Maoirseoirí nó bainisteoirí, nach láimhseálaithe bia iad, ach a bhfuil tionchar díreach acu ar an dóigh a bpléitear le hoibríochtaí maidir le sláinteachas, ba cheart iad a chur faoi oiliúint, de réir mar is iomchuí.

VI. NÓSANNA IMEACHTA AGPRC-BHUNAITHE

A – Nósanna imeachta AGPRC ar mhargaí mórdhíola

Leagann Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 maidir le sláinteachas earraí bia in Alt 5:

"*1. Food business operators shall put in place, implement and maintain a permanent procedure or procedures based on the HACCP principles"*.

Tugtar sa Chaibidil seo comhairle do bhainistíocht margaí mórdhíola maidir le nósanna imeachta le húsáid chun feidhmeanna as a bhfuil siad freagrach ar mhargadh mórdhíola a sholáthair, agus iad ag claí le prionsabail AGPRC (Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla).

Mar atá ráite cheana, tá margadh mórdhíola suite i lár slabhra an tsoláthair idir tairgeadh agus tomhaltas. Gnóthas bia is ea, mar atá sonraithe i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 "*a food business that includes several separate units which share common installations and sections where foodstuffs are sold to food business operators*" (a chuimsíonn cúpla aonad ar leith a chomhroinneann comhshuiteálacha agus áiteanna a bhfuil earraí bia ar díol d'oibreoirí sa ghnó bia.).

Is é is ciall leis an sainmhíniú sin nach mór bainistíocht margaí mórdhíola a mheas sa dóigh céanna agus a mheastar aon ghnóthas bia eile, agus nach mór di feidhmiú de réir Rialacháin Bia an AE, cé nach ndíolann sí earraí bia. Agus í freagrach as an láithreán, comhroinneann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola freagracht as na ceanglais ábhartha sláinteachais do tháirgí bia agus iad ag dul tríd an margadh agus ní mór di feidhmiú i dtéarmaí sláinteachais bhia.

Nóta don léitheoir:

Rinneadh forbairt ar na leathanaigh mar seo a leanas, a bhaineann le nósanna imeachta AGPRC bunaithe, as an doiciméad *"Guidance document on the implementation of procedures based on the HACCP principles, and on the facilitation of the implementation of the HACCP principles in certain food businesses."* (Arna n-eisiúint 16 Samhain 2005 ag an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Chosaint Tomhaltóirí, Coimisiún Eorpach) (1).

B – NÓSANNA IMEACHTA AGUS CEANGLAIS RÉAMHRIACHTANACHA AGPRC BHUNAITHE

Sláinteachas bia is ea toradh chur i bhfeidhm ag gnóthais bhia na gceanglas réamhriachtanach agus nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail AGPRC.

Ní mór tabhairt faoi deara sula gcuirfear nósanna imeachta AGPRC ar bun ní mór ceanglais um shláinteachais bhia "réamhriachtanach" a leagan síos agus is é sin raon na réamhchaibidlí sa treoirleabhar seo ar dhea-chleachtas a bhaineann le míreanna mar:

- Ceanglais bhonneagair agus trealaimh;
- Rialú teasa agus aeráil;
- Soilsiú
- Nósanna imeachta sláintíochta;
- Diúscairt dramhaíola (2);
- Srianadh lotnaidí;
- Sláinteachas pearsanta;
- Oiliúint.

(1) Féach Caibidil "Tagairtí"

(2) Féach Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 ag leagan síos rialacha sláinte maidir le fotháirgí ainmhithe nach bhfuil le hithe ag daoine

Tá na ceanglais réamhriachtanacha seo leagtha síos chun guaiseacha a rialú ar dóigh ghinearálta agus tugann bonn chun AGPRC a chur i bhfeidhm go heifeachtach. Ba cheart iad a leagan síos sula leagtar nós imeachta AGPRC bhnaithe síos.

C – AGPRC Prionsabail Ghinearálta

Déanann AGPRC (Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla) guaiseacha ar leith a shainaithint agus bearta lena rialúchán chun sábháilteacht bhia a chinntiú.

Áis is ea AGPRC chun guaiseacha a mheas agus chun córais rialúcháin a leagan síos a dhíríonn ar chosaint seachas bheith ag brath ar thástáil an táirge deiridh. Tá an cumas ag aon chóras AGPRC glacadh le hathruithe, mar dhul chun cinn i ndearadh trealaimh, i nósanna imeachta próiseála nó i bhforbairtí teicneolaíochta.

Féadfar AGPRC a chur i bhfeidhm síos tríd an mbiashlabhra. Chomh maith le feabhas a chur ar shábháilteacht bhia, féadann cur i bhfeidhm AGPRC buntáistí eile a thabhairt, is é sin, féadann feidhmiú AGPRC cuidiú le scrúdú ag na húdaráis inniúla agus trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn trí mhuinín i sábháilteacht bhia a mhéadú.

Éilíonn tiomantas agus baint iomlán na bainistíochta agus an lucht oibre chun go n-éireoidh le cur AGPRC i bhfeidhm. Éilíonn sé cur chuige ildisciplíneach freisin.

Sula gcuirtear AGPRC i bhfeidhm ar aon ghnóthas bia, lena n-áirítear bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola, ba cheart ceanglais réamhriachtanacha um shláinteachas bia a chur i bhfeidhm.

Tá tiomantas na bainistíochta riachtanach chun AGPRC a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Le linn sainaithint guaiseacha, measúnacht agus oibríochtaí ina dhiaidh sin i ndearadh agus cur i bhfeidhm AGPRC, ní mór measúnacht a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí a dhéanann bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola chun guaiseacha a rialú, agus fianaise eipidéimeolaíochta a bhaineann le sábháilteacht bhia.

Is é cuspóir AGPRC rialúchán a dhíriú ar phointí rialúcháin criticiúla (na PRC) agus ba cheart AGPRC a chur i bhfeidhm ar gach oibríocht ceann i ndiaidh cinn eile.

Ba cheart cur i bhfeidhm AGPRC a athbhreithniú de réir mar is gá agus aon athrú a dhéanamh nuair a dhéantar aon mhionathrú in aon chéim. Tá sé tábhachtach i gcur i bhfeidhm AGPRC bheith inathraithe nuair is iomchuí, de réir comhthéacs an fheidhmithe agus ag cur nádúr agus méid na hoibríochta san áireamh.

AGPRC seacht bprionsabal

1 – Aon ghuais nach mór cosc, baint nó laghdú go leibhéil inghlactha a shainaithint (anailís ghuaise);

2 – Pointí rialúcháin criticiúla a shainaithint ag céim nó ag céimeanna ina bhfuil rialúchán riachtanach chun guais a chosc nó a bhaint nó a laghdú go leibhéil inghlactha.

3 – Teorainneacha criticiúla ag pointí rialúcháin criticiúla a leagan síos a dhéanann idirdhealú idir inghlacthacht agus do-ghlacthacht chun guaiseacha aitheanta a chosc, a bhaint nó a laghdú ;

4 – Nósanna imeachta monatóireachta a leagadh síos agus a chur i bhfeidhm ag pointí rialúcháin criticiúla;

5 – Gníomhaíochtaí ceartaitheacha a leagan síos nuair a léiríonn monatóireacht nach bhfuil pointe rialúcháin criticiúil faoi rialú;

6 – Nósanna imeachta a leagan síos, nach mór comhlíonadh go rialta, lena fíorú go bhfuil na bearta imlínithe in ailt 1 go 5 ag obair go héifeachtach.

7 – Doiciméid agus taifid a leagadh síos a chomhfhreagraíonn nádúr agus méid an ghnóthais bhia chun cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart imlínithe in ailt 1 go 6 a léiriú.

D – Cur i bhfeidhm na seacht bprionsabal maidir le bainistíocht margaí mórdhíola

Moltar leanúint leis na gníomhaíochtaí mar a leanas i seicheamh.

1. ANAILÍS GHUAISE

1.1. Bailiú foireann ildisciplíneach (foireann AGPRC)

Ní foláir don fhoireann seo, a bhfuil baint ag gach duine a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá le déanamh, raon iomlán eolas sonrach agus saineolais a chuimsiú a chomhfhreagraíonn an ghníomhaíocht atá á meas agus na guaiseacha féideartha gaolmhara agus ba cheart go mbeadh baint ag na leibhéil níos airde bainistíochta a oiread agus is féidir.

Más gá, féadann speisialaithe cuidiú leis an fhoireann, a chuideoidh léi a cuid fadhbanna a réiteach maidir le measúnacht agus rialúchán na bpointí criticiúla.

Féadann speisialaithe bheith san fhoireann:

- A thuigeann na guaiseacha bitheolaíocha, ceimiceacha nó fisiceacha a bhaineann le grúpa táirge ar leith;
- Atá freagrach as, nó a bhfuil dlúthbhaint acu leis an ngníomhaíocht atá le déanamh;
- A bhfuil eolas reatha acu sa ghníomhaíocht sin, go háirithe maidir le sláinteachas agus trealamh;
- Aon duine eile atá eolach ar bhitheolaíocht sláinteachais, nó teicneolaíocht an bhia.

Féadann duine amháin cúpla ról a chomhlíonadh, fad is a bhíonn gach faisnéis ábhartha ar fáil don fhoireann agus go mbaintear úsáid as le cinntiú go bhfuil an córas atá á fhorbairt iontaofa. I gcás nach bhfuil saineolas ar fáil sa tionscnamh ba cheart comhairle a iarraidh ó fhoinsí eile (sainchomhairliúchán, srl)

Ba cheart raon bheart AGPRC a shainaithint. Ba cheart don raon cur síos ar dheighleog an bhiashlabhra lena mbaineann, agus na haicmí ginearálta guaiseacha le tabhairt faoi (bitheolaíoch, ceimiceach agus fisiceach).

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

An bhfuil na scileanna againn nó an féidir iad a fháil chun na guaiseacha agus na srianta a shainaithint?

An bhfuil duine ceaptha againn ar a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as an gclár um shábháilteacht bhia?

An bhfuil an duine atá freagrach oilte i gceanglais chóras AGPRC?

An bhfuil an t-údarás ag an duine seo an clár a leagadh síos agus a chothabháil?

An bhfuil an fhoireann feasach ar thábhacht na sábháilteachta agus an tsláinteachais bhia?

An bhfuil clár oiliúna ag ár ngnóthas?

An bhfuil a fhios ag an bhfoireann cad é le déanamh, agus cé atá in ann cinntí a dhéanamh má théann rud as bealach?

1.2. Cur síos ar na gníomhaíochtaí faoi fhreagracht bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola

De bhrí nach bhfuil bainistíocht margaí mórdhíola ag plé le díol earraí bia, ba cheart go mbainfeadh an t-alt seo le gníomhaíochtaí difriúla bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola ina baint leis na gnóthais bhia dhifriúla atá bunaithe ar an láithreán.

Ba cheart cur síos iomlán a dhéanamh, agus le gach céim comhfhreagracha..

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

Cad iad na céimeanna difriúla a bhaineann le gach gníomhaíocht agus cad iad na rioscaí gaolmhara?

Ar rinneadh gach céim a mheas?

Ar chailleamar aon chéim sa ghníomhaíocht?

1.3. Sainaithint na dtascanna a chomhfhreagraíonn gach céim

Ba cheart don fhoireann na tascanna éagsúla atá le déanamh ag gach céim a shainaithint agus a shonrú, agus leis an idirghníomhaíocht féideartha idir na tascanna seo agus obair atá bainistithe ag na gnóthais bhia eile sa mhargadh mórdhíola.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

Ar smaoiníomar ar gach tasc féideartha a chomhfhreagraíonn gach céim?

An ndearnamar gach gnóthas bia a mheas, a bhfuil bainte aige leis an tasc atá le déanamh?

Ar thugamar an fhaisnéis a bhaineann leis an tasc atá le déanamh?

1.4. Déanamh sreabhléaráide (féach aguisín B.1)

Cibé formáid a roghnaítear, ba cheart gach céim a bhaineann leis an ngníomhaíocht a scrúdú i seicheamh agus a chur i láthair i sreabhléaráid in éineacht le sonra teicniúil imleor.

Féadtar cineálacha sonraí cuimsiú ach ní teoranta dóibh:

- Plean an áitribh oibre agus áitribh choimhdeacha,
- Leagan amach agus saintréithe na dtrealamh,
- Seicheamh gach céime,
- Paraiméadair theicniúla na n-oibríochtaí,
- Sruthú earraí-bia (lena n-áirítear traséilliú féideartha),
- Leithscaradh idir na hachair ghlana agus salacha (nó achair ardriosca/ísealriosca),

Is réamhriachtanais iad na ceanglais seo a leanas lena gcuimsiú isteach sa chóras AGPRC:

- Nósanna imeachta um ghlantachán agus díghalrú,
- Timpeallacht shláinteach an tionscnaimh.,
- Bealaí pearsanra agus cleachtais dea-shláinteachais,

• Coinníollacha stórála agus dáilte na dtáirgí.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

An bhfuil nósanna imeachta socraithe againn le gach céim a sheiceáil agus a fhaomhadh?

An bhfuil córas againn chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na gníomhaíochta a rinneadh?

A bhfuil gach eolas againn atá de dhíth orainn chun guaiseacha féideartha a shainaithint?

1.5. Dearbhú ar-láithreán sreabhléaráide

I ndiaidh don sreabhléaráid a dhéanamh, ba cheart don fhoireann ildisciplíneach í a dhearbhú ar líne le linn uaireanta oibriúcháin. Ní mór leasú a dhéanamh ar an sreabhléaráid mar thoradh ar aon diall a chonacthas chun go mbeadh sé cruinn.

Breathnaigh ar an bpróiseas le súil ghéar agus leis an tsreabhléaráid i do lámh.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

Ar chailleamar aon chéim eile nó faisnéis eile?

An ndéanaimid go díreach sa dóigh a léirítear sa tsreabhléaráid?

1.6. Liostáil na nguaiseacha agus bearta rialaithe

1.6.1. liostáil gach guais féideartha, guaiseacha bitheolaíocha, ceimiceacha nó fisiceacha gur féidir bheith ag súil leo go réasúnta ag gach céim (Rinneadh sainmhíniú ar Ghuais in Alt 3 (14) Rialachán (CE) Uimh.178/2002 – *féach gluais sa doiciméad seo freisin*).

Ina dhiaidh sin, ba cheart don fhoireann anailís ar ghuais a dhéanamh do AGPRC chun beart a shainaithint ar na guaiseacha siúd atá den nádúr ina bhfuil a ndiúscairt nó a laghdú go leibhéil inghlactha riachtanach le hearraí bia a choimeád slán sábháilte.

Agus anailís ghuaise á déanamh, ní mór na nithe seo a leanas a mheas:

• Tarlú féideartha na nguaiseacha agus déine an tionchair ar shláinte;

• Measúnacht cháilíochtúil agus/nó chainníochtúil ar ghuaiseacha atá ann;

1.6.2. meas agus cuir síos ar na bearta rialaithe atá ann (más ann) ar féidir cur i bhfeidhm do gach guais.

Gníomhaíochtaí agus gníomhartha ar féidir úsáid a bhaint astú chun guaiseacha a chosc, a dhiúscairt, nó a dtionchar nó a dtarlú a laghdú go leibhéil inghlactha is iad bearta rialaithe.

Féadtar go mbeadh níos mó ná beart rialaithe amháin riachtanach chun guais aitheanta a rialú agus féadtar níos mó ná guais amháin a rialú le beart rialaithe amháin.

Ní foláir bearta rialaithe a thacú le nósanna imeachta mionsonraithe lena gcur i bhfeidhm éifeachtach a chinntiú. Cuir i gcás, sceidil ghlantacháin mionsonraithe a úsáidtear i gcomhlíonadh le rialacha an Chomhphobail lena mbaineann.

Nóta:

*Déanann scríbhneoirí chéad uaire AGPRC **barraíocht** guaiseacha a shainaithint! Is fadhb é seo mar tá an fhéidearthacht ann cumas an phróiseálaí a laghdú chun díriú ar rialú na nguaiseacha suntasacha. Is í an aincheist ná cad é atá suntasach a chinneadh.*

Ní mór guais a rialú:

1) Má tá a tharlú go réasúnta dóchúil

Agus

2) Mura bhfuil sé rialaithe i gceart, is dócha go mbeidh riosca do-ghlactha ann ar shláinte na gcustaiméirí.

I gcás guaiseacha ina raibh leibhéil ghníomhaíochta rialaithe, lamháltais nó teorainneacha eile leagtha síos le haghaidh imní sábháilteachta (m.sh. ceimiceáin ghlantacháin, aicídí...), riosca sláinte do-ghlactha is ea riosca gur sáraíodh an teorainn, ní go bhfuil an tsubstaint ann ag leibhéal inbhraite. Dá bhrí sin, má tá féidearthacht réasúnta ann go sárófar an leibhéal gníomhaíochta sa chineál sin bia, ba cheart go ndéanfadh anailís ghuaise an phróiseálaí, an ghuais sin a shainaithint mar cheann le rialú tríd an gcóras AGPRC.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

An ndearnamar scrúdú ar gach foinse guaiseacha?

Ar bhaineamar úsáid as léaráidí an áitribh agus timpeall air chun guaiseacha a shainaithint?

Ar bhaineamar úsáid as an tsreabhléaráid chun guaiseacha féideartha a shainaithint sna próisis lena mbaineann?

An ndearnamar rioscaí a bhaineann leis an gcéim í féin a shainaithint, mar fhéidearthacht le haghaidh mí-úsáide nó drochúsáide (ceimiceáin ghlantacháin cur i gcás?

2. SAINAITHINT POINTÍ RIALÚCHÁIN CRITICIÚLA (na PRC)

Éilítear cur chuige loighciúil chun point criticiúil a shainaithint do rialachán guaise. Féadtar an cur chuige sin a éascú trí úsáid a bhaint as crann cinnidh (*féach aguisín B.2).*

Féadann an fhoireann modhanna eile a úsáid, áfach, de réir eolais agus taithí atá acu.

Chun crann cinnidh a chur i bhfeidhm, ba cheart gach céim aitheanta sa tsreabhléaráid a mheas i seicheamh. Ag gach céim, ní mór an crann cinnidh a chur i bhfeidhm do gach guais ar féidir súil go réasúnta lena tarlú nó lena tabhairt isteach agus ní mór gach beart rialaithe a shainaithint. Ba cheart go mbeadh cur i bhfeidhm an chrainn chinnidh inathraithe, i ndiaidh an próiseas iomlán á mheas chun pointí criticiúla neamhriachtanacha a sheachaint, de réir mar is féidir.

Moltar oiliúint chun an crann cinnidh a chur i bhfeidhm.

Tá dhá iarmhairt ann don fhoireann AGPRC maidir le sainaithint pointí rialúcháin criticiúla a ba cheart di ansin:

- Cinntigh go bhfuil na bearta rialaithe gaolmhara deartha agus curtha i bhfeidhm. Go háirithe, má rinneadh guais a shainaithint ag céim ina bhfuil rialú riachtanach do shábháilteacht earraí bia agus nach bhfuil bearta rialaithe ann ag an gcéim sin, nó ag aon cheann eile, ba cheart an próiseas a mhionathrú ag an gcéim sin nó ag céim roimhe nó ina diaidh, chun bearta rialaithe a chur isteach.

- Córas monatóireachta a leagadh síos ag gach pointe rialúcháin criticiúil.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

An ndearna rialúcháin a shainaithint do gach guais?

An mbaineann siad go héifeachtach, nó an laghdaíonn siad an fhéidearthacht tarlaithe gach guaise?

An féidir linn an próiseas a athrú in áiteanna nach bhfuil bearta inchosanta ann?

An dtuigeann an fhoireann cad iad ceanglais PRC?

3. TEORAINNEACHA CRITICIÚLA AG POINTÍ RIALÚCHÁIN CRITICIÚLA

Ba cheart teorainneacha criticiúla a shonrú dó gach beart rialaithe a bhaineann le point rialúcháin criticiúil.

Is ionann teorainneacha criticiúla agus luachanna foirceanacha atá inghlactha maidir le sábháilteacht earraí bia.

Déanann siad idirdhealú idir inghlacthacht agus doghlacthacht. Tá siad leagtha síos mar pharaiméadair inbhraiteacha nó inmheasta ar féidir léiriú go bhfuil an point criticiúil faoi rialú.

Ba cheart iad a bhunú ar fhaisnéis chuí go ndéanfaidh na luachanna roghnaithe an próiseas a rialú.

Lena n-áirítear i samplaí na bparaiméadar teocht, aga, pH, méid taise, paraiméadair chéadfacha mar chuma amhairc, srl.

I gcásanna áirithe, chun riosca shárú teorann criticiúla de bharr athruithe sa phróiseas a laghdú, is féidir nach mór leibhéil níos déine a shonrú (is é sin, spriocleibhéil) lena chinntiú go gcloítear le teorainneacha criticiúla.

Is féidir teorainneacha criticiúla a fháil as foinsí éagsúla. I gcás nach bhfuarthas ó na caighdeáin rialacháin nó ó chleachtais dea-shláinteachais, ba cheart don fhoireann a mbailíocht a fháil amach de réir mar a bhaineann sé le rialú na nguaiseacha sainaitheanta ag na PRC.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

An bhfuil teorainneacha leagtha síos againn do gach point rialúcháin criticiúil?

An bhfuil muid ag leanúint leis na teorainneacha a leagadh síos?

An bhfuil ár n-áiseanna tomhais cruinn go leor?

An gcomhlíonann ár gcórais thomhais na caighdeáin aitheanta?

Ar cinneadh gníomhaíocht cheartaitheach ar gach coinníoll as rialú?

An bhfuil córas againn chun déileáil le gearáin?

An bhfuil minicíocht ár monatóireachta agus taifeadta iomchuí?

4. NÓSANNA IMEACHTA AG POINTÍ RIALÚCHÁIN CRITICIÚLA

Cuid riachtanach de nósanna imeachta AGPRC bhunaithe is ea clár breathnóireachta nó tomhais a dhéantar ag gach point criticiúil le comhlíonadh le teorainneacha criticiúla sonraithe a chinntiú.

Ní mór don bhreathnóireacht nó don tomhas cailleadh rialaithe a bhrath ag pointí criticiúla agus faisnéis a thabhairt in am chun gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh.

De réir mar is indéanta, ba cheart mionathruithe a dhéanamh nuair a léiríonn torthaí monatóireachta treocht i dtreo cailleadh rialúcháin ag PRC. Ní mór mionathruithe a dhéanamh sula dtarlaíonn diallas. Ní mór do dhuine ceaptha a bhfuil eolas agus údarás aige sonraí as monatóireacht a mheas agus gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nuair is gá.

Is féidir breathnóireacht nó tomhais a dhéanamh go buan nó go tréimhsiúil. I gcás nach bhfuil breathnóireacht nó tomhais leanúnach, ní foláir minicíocht breathnóireachta nó tomhais a leagan síos a chuirfidh faisnéis iontaofa ar fáil.

Ba cheart cur síos a dhéanamh ar na modhanna, minicíocht na breathnóireachta nó tomhais agus an nós imeachta taifeadta agus gach point criticiúil a shainaithint sa chlár:

• Cé a dhéanfaidh monatóireacht agus seiceáil?

• Cén uair a dhéanfar monatóireacht agus seiceáil?

• Conas a dhéanfar monatóireacht agus seiceáil?

Ní mór don duine atá ag déanamh monatóireachta na taifid a bhaineann le monatóireacht na bPRC a shíniú agus nuair a fhíoraíonn oifigeach (oifigigh) freagrach athbhreithnithe na cuideachta na taifid.

5. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEARTAITHEACHA

Ní mór don fhoireann AGPRC gníomhaíochtaí ceartaitheacha do gach point criticiúil a bheartú roimh ré, ionas gur féidir iad a dhéanamh láithreach nuair a léiríonn monatóireacht go bhfuil diallas ón teorainn chriticiúil ann.

Ba cheart go gcuimseofaí sa ghníomhaíocht cheartaitheach:

• Sainaithint chuí an duine (na ndaoine) atá freagrach as na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur i bhfeidhm,

• Cur síos ar an dóigh agus ar ghníomhaíocht atá riachtanach chun an diallas breathnaithe a cheartú,

• Gníomhaíocht le déanamh nuair a bhíonn an próiseas as rialú,

• Taifead scríofa ar na bearta a rinneadh a dhéanann tagairt ar gach faisnéis ábhartha (mar shampla: dáta, am, cineál gníomhaíochta, gníomhaí agus seiceáil fíoraithe ina dhiaidh).

Féadann monatóireacht léiriú nach mór bearta coisctheacha a dhéanamh má tharlaíonn gníomhaíochtaí ceartaithe don nós imeachta céanna arís agus arís eile (seiceáil trealaimh, seiceáil an duine atá i gceannas an taisc, seiceáil éifeachtach na mbeart ceartaitheach roimhe, srl.).

6. NÓSANNA IMEACHTA UM FHÍORÚ

6.1. Ba cheart don fhoireann AGPRC modhanna agus nósanna a shonrú lena n-úsáid le fáil amach má bhíonn AGPRC ag obair mar is ceart. Lena n-áirítear sna modhanna um fhíorú ná sampláil agus anailís randamach, anailís threisithe nó tástáil ag pointí criticiúla roghnaithe.

Ba cheart gur leor minicíocht fíoraithe le cinntiú go bhfuil na nósanna imeachta AGPRC bhunaithe ag obair mar is ceart. Beidh minicíocht fíoraithe ag brath ar thréithe bhainistíocht an mhargaidh mhórdhíola (líon fostaithe, nádúr earraí bia...), minicíocht na monatóireachta, cruinneas na bhfostaithe, líon na ndiallas a braitheadh le himeacht ama agus na guaiseacha a bhain leo.

Lena n-áirítear sna nósanna imeachta um fhíorú:

• Iniúchtaí AGPRC agus a chuid taifead,

• Iniúchadh na n-oibríochtaí,

• Dearbhú go gcoinnítear na PRC faoi rialú,

• Fíorú na dteorainneacha criticiúla,

• Athbhreithniú ar dhiallais agus cáilíocht na dtáirgí, gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh.

Cuirfidh minicíocht fíoraithe an-tionchar ar líon na hathsheiceála atá de dhíth i gcás diallais, a sháraíonn na teorainneacha criticiúla, a bhrath. Beidh na heilimintí mar seo a leanas san fhíorú, ach ní go díreach ag an am céanna:

• Cruinneas na dtaifead agus anailís na ndiallas a sheiceáil,

• Seiceáil ar an duine atá ag déanamh monatóireachta, stórála agus/nó gníomhaíochtaí iompair,

• Seiceáil fhisiceach ar an bpróiseas a bhfuil monatóireacht á déanamh uirthi,

• Calabrú na ngléasanna le haghaidh monatóireachta.

Ba cheart go ndéanfadh duine an fíorú nach duine atá freagrach as na gníomhaíochtaí monatóireachta agus ceartaitheacha. I gcás nach féidir gníomhaíochtaí fíoraithe a dhéanamh san fhoirgneamh, ba cheart go ndéanfadh saineolaí seachtracha nó tríúpháirtithe cáilithe an fíorú thar cheann an ghnóthais.

6.2. Más féidir, ba cheart go gcuimsítear gníomhaíochtaí a dhearbhaíonn éifeachtacht gach eilimint den bheart AGPRC sna gníomhaíochtaí dearbhaithe. I gcás athruithe, ní foláir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras, lena chinntiú go bhfuil (nó go mbeidh) sé bailí fós.

Más gá, ní mór leasú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a leagadh síos mar thoradh ar an athbhreithniú seo. Ba cheart na leasuithe a ionchorprú ina n-iomláine sa doiciméadú agus sa chóras coimeádáin taifead lena chinntiú go bhfuil faisnéis cothrom le dáta ar fáil.

7. DOICIMÉADÚ AGUS COIMEÁD TAIFEAD

Is ríthábhachtach coimeád taifead éifeachtach cruinn d'fheidhmiú an chórais AGPRC.

Ba cheart nósanna imeachta AGPRC a dhoiciméadú. Ba cheart go gcomhfhreagraíonn doiciméadú agus coimeád taifead le nádúr agus méid na hoibríochta agus imleor chun cuidiú leis an ngnóthas fíorú go bhfuil rialacháin AGPRC leagtha síos agus á gcothabháil. Ba cheart doiciméid agus taifid a choimeád go ceann tamaill imleoir le ligean d'údarás inniúil iniúchadh a dhéanamh ar an gcóras AGPRC. Ba cheart go mbeadh doiciméid sínithe ag oifigeach freagrach na cuideachta.

Is mar seo a leanas samplaí doiciméadaithe:

• Anailís ghuaise;

• Cinneadh AGPRC;

• Cinneadh teorann criticiúla;

• Mionathraithe don chóras AGPRC.

Is mar seo a leanas samplaí taifeadta:

• Gníomhaíochtaí monatóireachta PRC;

• Diallais agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha gaolmhara;

• Gníomhaíochtaí fíoraithe.

Féadtar córas simplí coimeád taifead a chur in iúl go héifeachtach agus go héasca do na fostaithe.

Is féidir é a chomhtháthú isteach in oibríochtaí atá ann cheana agus úsáid a bhaint as páipéarachas atá ann cheana.

Seicliosta

Ceisteanna le cur:

An bhfuil leibhéal sásúil againn chun taifid a choimeád?

An ndéanaimid taifid a chomhdú agus a stóráil go sábháilte?

An ndéanaimid taifid agus gníomhaíocht ar phointí rialacháin criticiúla?

An ndearnamar teorainneacha ar gach PRC a thaifeadadh?

An bhfuil ár mbearta rialaithe taifeadta i gceart?

An bhfuilimid ag déanamh monatóireachta agus measúnachta ar ár modhanna?

An bhfuil taifid déanta againn ar ár gcalabrú?

An bhfaighimid seiceálacha neamhspleácha ar ár cláir?

Cad iad na bearta a dhéanaimid lena sheiceáil go bhfuil ár gclár á chomhlíonadh?

An gcoimeádaimid taifid ar ár seiceálacha córais?

Tá sampla bhileog oibre AGPRC um fhorbairt bheart AGPRC ar fáil in aguisín B.3. Baineann sé le fuarstóráil.

AGUISÍN A

BAINISTÍOCHT MARGAÍ MÓRDHÍOLA

SCEIDEAL GLANTACHÁIN AGUS DÍGHALRAITHE – HALLAÍ TAISPEÁNA AGUS DÍOLACHÁIN

Achar	Ábhar glantacháin	Gnáthamh	Minicíocht	Réamhchúraimí Sláinte agus Sábháilteachta	Duine atá freagrach (ainmnigh)	Seiceáilte ag (ainmnigh)
Urlár	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Ba cheart déileáil le gach doirteadh láithreach. Ag deireadh na gníomhaíochta, scuab agus nigh le huisce te agus glantach	Gach lá	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Ballaí: - suas le... m: - os cionn... m:	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh. Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Nigh le glantach, rinseáil le huisce te glan agus slánteoir (1) más gá. Nigh le huisce te agus glantach	Gach lá Tréimhsiúil (2)	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Síleáil	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Glantachán tirim nó leachta de réir nádúr an dromchla	Tréimhsiúil (2)	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Doirse	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Nigh le huisce te agus glantach	Tréimhsiúil (2)	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		

Fuinneoga	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Nigh le huisce te agus glantach	Tréimhsiúil (2)	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Doirtil agus/nó báisíní níocháin	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Ag deireadh gach lae, sciúr, nigh le huisce te agus glantach agus rinseáil	Gach lá	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Soilsiú	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.		Tréimhsiúil (2)	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Aeráil - Aersruthú meicniúil - Scagairí	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Folúsghlan. Nigh le huisce te agus glantach. Cuir ar ais ina áit nuair atá tirim.	Gach mí Gach mí	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		
Coimeádáin dramhaíola	Ainm agus Sloinne Comhaontú Uimh.	Scuab le huisce te agus glantach	Gach lá	Féach lipéad an táirge agus comhad teicniúil (le bheith ar fáil más gá)		

(1) Díghalrán is ea “Sláinteoir” atá oiriúnach lena úsáid ar dhromchlaí teagmhála bia agus ba cheart go mbeidís neamhthocsaineach agus neamh-drochbhlasta.

(2) Ciallaíonn “Tréimhsiúil” de réir mar is gá, agus ba cheart baint le bailiú suas salachair.

AGUISÍN B.1

SEICHEAMH LOIGHCE DO CHUR I BHFEIDHM NÓSANNA IMEACHTA AGPRC-BHUNAITHE AG BAINISTÍOCHT MARGAÍ MÓRDHÍOLA

1	Bunaigh Foireann AGPRC
2	Sainigh tionscadal an chórais bhainistíochta um shláinteachas
3	Déan sreabhléaráid
	Dearbhú ar-láithreán sreabhléaráide
5	Liostáil gach Guais féideartha Déan Anailís Ghuaise Déan Bearta Rialaithe a Mheas
6	Déan na PRC a shainaithint
7	Leag síos teorainneacha criticiúla do gach PRC
8	Leag síos córas monatóireachta do gach PRC
9	Leag síos gníomhaíochtaí ceartaithe
10	Leag síos nósanna imeachta um fhíorú
11	Leag síos doiciméadú agus coimeád taifead

AGUISÍN B.2

ÚDARÁS MARGAÍ MÓRDHÍOLA
SAMPLA CRAINN CHINNIDH CHUN PRC A SHAINAITHINT

(Freagair ceisteanna i seicheamh)



---

(1) Lean ar aghaidh chuig an gcéad ghuais aitheanta eile sa phróiseas sonraithe.
(2) Ní foláir leibhéil inghlactha agus do-ghlactha a shainiú laistigh de na cuspóirí foriomlána i sainaithint na PRC sa bheart AGPRC

AGUISÍN B.3

BAINISTÍOCHT MARGAÍ MÓRDHÍOLA
SAMPLA BILEOG OIBRE AGPRC (Fuarstóráil)

1 Cuir síos ar thasc do bhainistíocht margaí mórdhíola

Cinntigh go bhfuil earraí bia coimeádta:
- **ag teocht atá oiriúnach don chineál táirge;**
- **de réir Rialacháin AE a bhaineann leis an gcineál táirge atá i gceist.**

2 Sreabhléaráid na nósanna imeachta

LIOSTÁIL

Céim	Guais (eacha)	Beart(a) rialaithe			Beart(a) monatóireachta	Gníomhaíocht cheartaitheach (Gníomhaíochtaí ceartaitheacha)	Taifead (fid)
Stóráil chuisnithe	***Traséilliú***	Earraí bia clúdaithe nó faoi chlúdach le stóráil ar leithligh ó earraí bia oscailte			Seiceáil amhairc	Atheagraigh leagan amach chun cineálacha difriúla earraí bha a scaradh óna chéile	Tuairisc ar ghníomhaíocht cheartaitheach
		Coimeád achar stórála glan			Staid shláinteachais an achair stórála	Glan an t-achar stórála láithreach	Tuairisc ar ghníomhaíocht cheartaitheach
	Fás baictéar bia-nimhithe	Teocht stórála ag 4°C nó níos lú			Déan monatóireacht ar pharaiméadair chuisnithe (leanúnach nó ar eatraimh reatha) (m.sh. aertheocht, aer-threoluas, lódáil, teocht táirge)	Mionathrú teocht nó deisigh fuaraitheoir más cuí. Méadaigh minicíocht monatóireachta go gcinntítear go bhfuil próiseas faoi rialú.	leathán taifid um theocht don fhuaraitheoir
		Achar stórála a bhfuil aerchúrsaíocht mhaith ann			Seiceáil amhairc	Atheagraigh leagan amach stórála	Tuairisc ar ghníomhaíocht cheartaitheach

Stóráil reoite	***Fás baictéar bia-nimhithe***	Teocht an reoiteora ag -18°C nó níos lú			Déan monatóireacht ar pharaiméadair chuisnithe (leanúnach nó ar eatraimh reatha) (m.sh. aertheocht, aer-threoluas, lódáil, teocht táirge)	Mionathrú teocht nó deisigh fuaraitheoir más cuí. Méadaigh minicíocht monatóireachta go mbeidh sé cinntithe go bhfuil próiseas faoi rialú.	Leathán taifid um theocht don reoiteoir
		Achar stórála a bhfuil aerchúrsaíocht mhaith ann			Seiceáil amhairc	Atheagraigh leagan amach stórála	Tuairisc ar ghníomhaíocht cheartaitheach

3 Fíorú

Ba cheart na nithe mar seo a leanas a chur san áireamh:

- Fíorú na bparaiméadar reo;
- Calabrú na ngléasanna tomhais;
- Faoi dheireadh:
    - Iniúchadh inmheánach;
    - Iniúchadh eistreach;
    - Athbhreithniú ar AGPRC.

GLUAIS

- **Achair choiteann:** achair atá in úsáid ag oibreoir neamhspleách amháin nó níos mó laistigh de MM agus faoi bhainistíocht WMA.
- **Achair phoiblí:** achair a mbaineann gach duine úsáid astu arna bhainistiú ag bainistíocht an mhargaidh mhórdhíola.
- **Achair phríobháideacha:** achair ina bhfuil oibreoir MM freagrach ina iomláine as bainistíocht an achair.
- **AGPRC (Anailís Ghuaise agus Pointe Rialúcháin Criticiúil)**: córas a dhéanann guaiseacha atá suntasach in aghaidh sábháilteachta bia a shainaithint, a mheas agus a rialú.
- **Anailís ghuaise**: Próiseas chun faisnéis a bhailiú agus a mheas faoi ghuaiseacha agus faoi choinníollacha ina dtéann siad isteach chun cinneadh a dhéanamh cibé acu atá suntasach do shábháilteacht bhia agus a thabhairt faoi sa bheart AGPRC dá réir.
- **Anailís riosca**: próiseas a bhfuil trí comhchodanna idircheangailte ann: measúnú riosca, bainistíocht riosca agus cumarsáid riosca.
- **Araid stórála dramhaíola**: araidí nó coimeádáin as a mbaintear úsáid chun dramhaíl a stóráil lasmuigh de sheomraí ullmhúcháin bhia le linn feitheamh bainte.
- **Araid aistrithe dramhaíola:** araidí, saic nó coimeádáin eile as a mbaintear úsáid chun dramhbhianna a bhailiú go sealadach i seomraí ullmhúcháin bhia.
- **Bainistíocht margaidh mhórdhíola:** oibreoir gnóthais bhia (príobháideach nó poiblí) a bhfuil freagrach sonrach air as bainistíocht agus eagrú foriomlán margaidh mhórdhíola laistigh de na teorainneacha ina bhfuil gnóthais bhia neamhspleácha ag obair.
- **Bainistíocht riosca:** an próiseas, faoi leith measúnachta riosca, chun roghanna an bhearta a thomhais i gcomhairle le páirtithe leasmhara, breathnú ar mheasúnacht riosca agus fachtóirí dlisteanacha eile, agus más gá, roghanna coisc agus rialúcháin iomchuí a roghnú.
- **Beart AGPRC**: doiciméad a rinneadh de réir phrionsabal AGPRC le rialúchán guaiseacha atá suntasach in aghaidh sábháilteachta bia a chinntiú.
- **Bearta rialaithe**: gníomhaíochtaí a rinneadh chun guais shainaitheanta a bhaint nó a laghdú go leibhéal slán.
- **Bia (earraí bia)**: aon substaint nó táirge, cibé próiseáilte, leathphróiseáilte, nó neamhphróiseáilte, a bheas, nó ag súil go réasúnta go mbeidh sé ite ag duine.
- **Bia oscailte**: bia nach bhfuil faoi chlúdach nó i gcoimeádán a choisceann riosca éillithe ón timpeallacht.
- **"Céimeanna táirgthe, próiseála agus dáilte"**: a chiallaíonn aon chéim, lena n-áirítear allmhaire, ó agus áirítear buntáirgeadh bia, suas agus áirítear a stóráil, iompair, díolachán nó soláthar don tomhaltóirí deiridh agus más cuí, allmhaire, tairgeadh déanamh, stóráil iompair, dáileadh, díolachán agus soláthar beatha.
- **Coibhéiseach**: maidir leis na córais éagsúla, atá in ann na cuspóirí céanna a chomhlíonadh.
- **Coimeádán séalaithe go heirméiteach**: coimeádán sceithdhíonach.
- **Comhdhlúthúchán**: foirmiú bhraonáin uisce mar thoradh ar theagmháil idir aer te bog, mar ghal, agus dromchla measartha fuar.

- **Cumarsáid riosca**: malartú idirghníomhach faisnéise agus barúlacha le linn an phróisis anailíse riosca maidir le guaiseacha agus rioscaí, fachtóirí a bhaineann le rioscaí agus le dearcadh ar rioscaí, idir measúnóirí riosca, bainisteoirí riosca, gnóthais bhia agus bheatha, an pobal acadúil agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear míniú ar thorthaí na measúnachta riosca agus bonn cinntí na bainistíochta riosca.
- **Dea-chleachtais**: bailiú prionsabal lena gcur i bhfeidhm sna próisis lena mbaineann, de thairbhe bia slán sábháilte, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallach a thabhairt san áireamh.
- **Díghalrán**: ceimiceán a úsáidtear chun micrea-orgánaigh a mharú agus leibhéil éillithe a laghdú ar threalamh bia nó in áitribh bhia. Ní mór do na díghalráin bheith oiriúnach lena n-úsáid in áitribh bhia.
- **Díghalrú**: laghdú sna leibhéil éillithe ar threalamh bia nó in áitribh bhia trí úsáid a bhaint as díghalrán.
- **Dlí faoi bhia**: a chiallaíonn na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a riarann bia i gcoiteann, agus sábháilteacht bhia go háirithe, cibé acu ag leibhéal an Chomhphobail nó náisiúnta; cuimsíonn sé aon chéim tairgthe, próiseála agus dáilte bia, agus beatha a rinneadh do, nó a bheathaigh do, ainmhithe a tháirgeann bia (cf. Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ag leagan prionsabal ginearálta agus riachtanas dlí faoi bhia síos, a bhunaíonn An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, agus ag leagan nósanna imeachta síos maidir le cúrsaí um shábháilteacht bhia).
- **Dromchla teagmhála bia**: aon dromchla a bhíonn, nó a d'fhéadfadh a bheith, i dteagmháil le bia, idir díreach nó indíreach, nó atá cóngarach go leor dó gur féidir leis an mbia a éilliú má tá sé salach (dromchlaí oibre, coimeádáin agus trealamh san áireamh).
- **Éadaí cosanta**: éadaí atá iomchuí don obair lena mbaineann, ba cheart go gclúdaíonn gnáthéadaí ina iomláine.
- **Éilliú**: guais atá ann nó a tugadh ann. Tabhairt isteach, i meán, eilimintí éillithe agus/nó tocsaineacha (micrea-orgánaigh, ceimiceáin) atá so-ghabhálach i leith a sábháilteachta nó a fholláine.
- **Faoi Chlúdach**: earraí bia a chur faoi chlúdach nó i gcoimeádán i dteagmháil dhíreach leis an earra bia lena mbaineann, agus an clúdach nó an coimeádán é féin.
- **Gaiste salachair**: aon achar atá in ann salachar a ghaistiú. Féadtar gur folúntais idir píosaí trealaimh, gága agus pointí i slacht na ndromchlaí, ritĺ oibre píopaí fada iad. Ní foláir gaistí salachair a bhaint nó aire ar leith a thabhairt le linn glantacháin.
- **Glantach**: oibreán glantacháin atá difriúil ó ghallúnach ach féadann olaí a eibliú agus salachar a ghabháil i bhfuaidreán.
- **Glantachas pearsanta**: bearta a dhéanann an fhoireann orthu féin chun bia a chosaint in aghaidh éillithe.
- **Gnóthas bia**: aon ghnóthas, cíbe acu le haghaidh brabúis nó gan brabús nó poiblí nó príobháideach, a dhéanann aon ghníomhaíocht a bhaineann le haon chéim i dtáirgeadh, próiseáil nó dáileadh bia.
- **Go rialta /Tréimhsiúil**: Ciallaíonn "de réir mar is gá" iad, agus ba cheart baint le bailiú suas salachair nó ráta meatha agus caite, agus ar an dóigh a gcuireann sé isteach ar shábháilteacht bhia.

- **Guais**: oibreán bitheolaíoch, ceimiceach nó fisiceach atá istigh ann, nó atá mar chuid do bhia nó beatha a bhfuil an fhéidearthacht ann frithghníomh díobhálach a dhéanamh ar an tsláinte.
- **Inrianaitheacht**: cumas chun bia, beatha, ainmhí bia nó substaint atá le bheith, nó ag súil go mbeidh, ionchorpraithe i mbia nó i mbeatha a rianú trí gach céim táirgthe, próiseála agus dáilte.
- **Láimhseálaí**: aon duine a bhfuil bainte aige i ngnóthas bia a láimhseálann bia mar chuid dá oibre, nó mar chuid dá chuid dualgas d'aon raon, cibé acu go bhfuil an bia oscailte nó réamhchlúdaithe.
- **Lotnaid bia**: ainmhí neamh-inmhianaithe in áitreabh bia. Go háirithe artrapóid, éin, lucha móra, luchóga agus creimirí eile ar féidir leo bia a éilliú go díreach nó go hindíreach.
- **Margadh mórdhíola**: a chiallaíonn gnóthas bia a chuimsíonn cúpla aonad a chomhroinneann comhshuiteálacha agus áiteanna a bhfuil earraí bia ar díol d'oibreoirí sa ghnó bia.
- **Meatach**: bia a mhilleann go gasta nó ar féidir éilliú le baictéar, má tharlaíonn, a mhéadóidh agus beidh ina chúis le milleadh bia agus/nó bia-nimhithe.
- **Measúnú riosca**: próiseas eolaíochtbhunaithe a bhfuil ceithre chéim ann: sainaithint guaise, aicmiú guaise, measúnú nochta agus aicmiú riosca.
- **MM**: giorrúchán ar mhargadh mórdhíola.
- **Monatóireacht**: seiceáil reatha lena chinntiú go bhfuil an córas ag obair mar is ceart. Is gnáth torthaí monatóireachta a thaifeadadh i scríbhinn.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar**: seicheamh beartaithe breathnóireachta nó tomhais ar na paraiméadair rialacháin le rialú RRC a mheas.
- **Mórdhíoltóir**: idirmheánach sa slabhra dáileacháin a cheannaíonn an táirge i méideanna ollmhóra ón táirgeadh agus a dhíolann i méideanna níos lú do dháileoirí nó díoltóirí é.
- **Múnla**: orgánach micreascópach a fhásann i gcoinníollacha taise ar dhromchla bia agus féadann dul isteach sa bhia.
- **Neamh-ionsúiteach**: aon ábhar nach féidir le huisce dul tríd.
- **Neamh-thréscaoilteach**: gan scaoileadh a ligean do leacht. Dothreáite.
- **Oibreoir gnóthais bhia**: daoine nádúrtha nó dlíthiúla atá freagrach as cinntiú go gcomhlíontar ceanglais an dlí faoi bhia laistigh den ghnóthas bia atá faoina rialú.
- **Oiliúint ionduchtaithe**: oiliúint a thugtar d'fhostaithe nua.
- **Pacáistiú**: earraí bia clúdaithe amháin nó níos mó a chur sa dara choimeádán, agus an chéad choimeádán é féin leis.
- **Pataigin**: micrea-orgán ach is féidir is cúis le tinneas.
- **Point rialúcháin criticiúil**: céim in ullmhúchán bia nach mór a dhéanamh mar is ceart lena chinntiú go bhfuil guais bainte nó laghdaithe go leibhéal slán.
- **Pointí criticiúla**: céimeanna nach mór guaiseacha a rialú lena chinntiú go bhfuil bainte nó laghdaithe go leibhéal slán.
- **Próiseáil**: aon ghníomhaíocht a athraíonn go suntasach an buntáirge lena n-áirítear téamh, deatú, sailleadh, aibiú, maranáidiú, úscadh, easbhrú nó meascán de na próisis seo.

- **Riosca**: feidhm na dóchúlachta go mbeadh frithghníomh díobhálach ar shláinte agus déine an fhrithghnímh sin, iarmhartach do ghuais.
- **Sceideal glantacháin**: doiciméad scríofa a leagann amach an dóigh chun áitribh bhia a choimeád glan.
- **Sciath in aghaidh lotnaidí**: Sciath mogaill thanaí atá feistithe ar fhuinneoga nó oscailtí eile chun teacht isteach na gcuileog agus na n-artrapód eile a chosc.
- **Scriostóir cuileoga leictreach**: trealamh le cuileoga agus artrapóid eitilte eile a shrianadh. Meallann na lampaí UV na lotnaidí agus scriostar ar ghreille ardvoltais iad.
- **Sláinteachas bia (nó sláinteachas)**: bearta agus coinníollacha atá riachtanach chun guaiseacha a rialú agus oiriúnacht earraí bia lena n-ithe ag daoine a chinntiú ag cur a n-úsáide san áireamh.
- **Soláthar uisce príobháideach**: uisce nach dtagann as an bpríomhlíne uisce phoiblí.
- **Spás análach idirghabhálach**: achar dúnta a scarann leithris agus seomraí bia, atá aeráilte go meicniúil nó go nádúrtha don aer amuigh.
- **Steirilithe**: próiseas a mharaíonn gach geirm
- **Táirgí neamhphróiseáilte**: earraí bia nach ndearna próiseáil orthu, lena n-áirítear táirgí a bhí roinnte, scoilte, scoite, sliste, díchnámhaithe, mionaithe, seicthithe, meilte, gearrtha, glanta, bearrtha, scilte, muilleáilte, fuaraithe, domhan reoite nó leáite.
- **Táirgí próiseáilte**: earraí bia a dhéantar mar thoradh ar tháirgí neamhphróiseáilte a phróiseáil. Féadtar ábhair bheith ann sna táirgí seo atá riachtanach lena dtáirgeadh nó le saintréithe a thabhairt dóibh.
- **Tomhaltóir deiridh**: tomhaltóir deiridh earraí bia nach mbainfidh úsáid as an mbia mar chuid d'aon oibríocht nó ghníomhaíocht ghnó bia.
- **Tionscnamh**: aon aonad gnóthais bhia atá bunaithe i margadh mórdhíola.
- **Traséilliú: aistriú guaise** ó bhia amháin go bia eile. Is féidir é seo a dhéanamh trí theagmháil díreach, trí shíleadh, trí láimhseálaithe bia, nó trí threalamh agus dromchlaí oibre.
- **Uisce farraige glan**; uisce farraige nádúrtha, saorga, nó íonghlanta nó breacuisce nach bhfuil micrea-orgánaigh, substaintí díobhálacha nó planctón tocsaineach farraige ann i méideanna a chuirfidh isteach go díreach nó go hindíreach ar cháilíocht shláinte an bhia.
- **Uisce glan**: uisce farraige agus uisce úr don cháilíocht chomhchosúil.
- **Údarás inniúil**: ciallaíonn sé údarás lárnach de chuid Ballstáit a bhfuil an inniúlacht aige comhlíonadh le ceanglais an Rialacháin seo a chinntiú nó aon údarás eile ar tharmlig an t-údarás lárnach an inniúlacht dó; cuimseofar freisin, más cuí, an t-údarás comhchosúil i dtríú thír.
- **Uisce inólta**: uisce a chomhlíonann íosriachtanais a leagadh síos i Rialachán ón gComhairle 98/83/CE 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce atá le caitheamh ag daoine.

TAGAIRTÍ

Tagairtí Béarla:

- Rialachán (CE) Uimh. 178/21002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan prionsabal ginearálta agus riachtanas dlí faoi bhia síos, a bhunaíonn An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, agus ag leagan nósanna imeachta síos maidir le cúrsaí um shábháilteacht bhia (Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach – 1.2.2002 L 31/1)
- Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach - 30.4.2004 L 139/1)
- Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 a leagann síos rialacha sláinteachais maidir le sláinteachas earraí bia (Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach - 30.4.2004 L 139/55)
- Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha d'eagrú rialúchán oifigeach ar tháirgí ainmhithe atá le hithe ag daoine
- Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 ag leagan síos rialacha sláinte maidir le fotháirgí ainmhithe nach bhfuil le hithe ag daoine.
- Doiciméad treorach ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta arna bhunú ar phrionsabail AGPRC (Anailís Ghuaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla), agus ar éascú chur i bhfeidhm na bprionsabal AGPRC i ngnóthais bhia ar leith (16 Samhain 2005 Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Chosaint Tomhaltóirí, An Coimisiún Eorpach)
- Codex Alimentarius TAG/an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 20 ascaill Appia CH – 1211 an Ghinéiv 27 an Eilvéis
- Cód Cleachtais Idirnáisiúnta atá Molta - Prionsabail Ghinearálta Sláinteachais Bhia CAC/RCP 1- 1969, Athbhreithniú. 4 – 2003)
- Cumann na hAfraice Theas um Eolaíocht an bhia agus Teicneolaíocht an Bhia: Dea-Chleachtas déantúsaíochta i dtionscal an bhia. (an Afraic Theas)
- Agence Canadienne d'Inspection des Aliments: Cur i bhfeidhm chlár feabhsaithe shábháilteacht an bhia. (Ceanada)
- Treoirleabhar Tionsclaíochta ar Dhea-Chleachtas Sláinteachais : Treoirleabhar Lónadóireachta: Chadwick House Group Ltd. (RA)
- Treoirleabhar Tionsclaíochta ar Dhea-Chleachtas Sláinteachais : Treoirleabhar maidir le Margaí agus Aonaigh: Chadwick House Group Ltd. (RA)
- Treoirleabhar Tionsclaíochta ar Dhea-Chleachtas Sláinteachais : Treoirleabhar do Dháileoirí Mórdhíola: Chadwick House Group Ltd. (RA)
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann: Cód Cleachtais um Shábháilteacht an Bhia i Slabhra an tSoláthair Táirgí Úra in Éirinn. Cód Cleachtais n°4. (Éire)
- Cáilíocht an Bhia agus Córais Sábháilteachta. Lámhleabhar oiliúna ar Shláinteachas an Bhia agus ar Chóras Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla (AGPRC) -

Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe an Róimh 1998 Grúpa Bainistíochta na Foilsitheoireachta. Rannán Faisnéise EBT.

- .

Tagairtí Francaise:

- Guides de bonnes pratiques hygiéniques : Détaillant en produits laitiers. Les éditons des Journaux officiels – 1998 (France)
- Guides de bonnes pratiques hygiéniques : Fruits et légumes frais non transformés. Les éditons des Journaux officiels – 1999 (France)
- Guides de bonnes pratiques hygiéniques : Poissonnier détaillant. Les éditons des Journaux officiels – 2001 (France)
- Guide de bonnes pratiques d'hygiène : Poissonnier détaillant. Fédération Nationale des Syndicats Professionnels du Commerce du poisson et de la Conchyliculture. (France)
- Guides de bonnes pratiques hygiéniques : Boucher. Les éditons des Journaux officiels – 1999 (France)
- Guides de bonnes pratiques hygiéniques : Distribution des produits surgelés. Les éditons des Journaux officiels – 2002 (France)

Tagairtí Gearmáinise:

- Handbuch zur wahrnehmung von hygieneaufgaben im fruchthandel (German Hygiene Guide for Fruit-Companies) zur Festlegung von Hygienestandards und Erarbeitung und Dokumentation von "Betriebseigenen Maßnahmen und Kontrollen" gemäß § 4 der Lebensmittelhygiene-Verordnung (LMHV). Herausgeber: Bundesverband Deutscher Fruchthandelsunternehmen E.V. Zentralverband Des Deutschen Früchte-Import und -Großhandel E.V. Bundesvereinigung Der Erzeugerorganisationen Obst Und Gemüse E.V. Hamburg / Berlin / Bonn August 1998